

Uimhir Cáis: 000128A – N.McK agus Ospidéal de chuid Bhaile Átha Cliath

Iarratas ó thuismitheoir chun rochtain a fháil ar thaifid leighis mionaoisigh – príomhsheasamh go bhfuil toimhde ann go bhfuil an tuismitheoir i dteideal rochtain a bheith aige nó aici ar na taifid – an bhfuil cúinsí ann a dhéanann an toimhde a fhrisnéis, go mbeadh scaoileadh na faisnéise chun leas an mhionaoisigh – alt 28(6) – an tábhachtaí leas an phobail go ngéillfí an t-iarratas ná leas an phobail go dtacaítear ceart príobháideachais an duine aonair – alt 28(5)(a).

Féach Breithiúnas na Cúirte Uachtaraí ar an 24 Eanáir 2006 in *N.McK and the Information Commissioner* [2006] IESC 2 a tharchuir an cás seo go dtí an Coimisinéir chun athbhreithniú as an nua a dhéanamh air. Nochtar aitheantas na bpáirtithe ach amháin sa mhéid go nochtar iad i mbreithiúnas na Cúirte Uachtaraí.

<http://www.courts.ie/judgments.nsf/bce24a8184816f1580256ef30048ca50/a7b01958f768ecc480257100004b6d2a?OpenDocument>

Feic freisin cásanna uimhreacha 000137 agus 99491 *et al*

Fíorais

D'iarr an t-iarrthóir taifid a bhaineann leis an tréimhse a chaith a iníon, a bhí 12 blian d'aois ag an am, san ospidéal sa bhliain 2000. Measadh gur dhiúltaigh an t-Ospidéal rochtain a thabhairt ar thaifid agus d'iarr an t-iarrthóir ar an gCoimisinéir athbhreithniú a dhéanamh. Críochnaíodh an t-athbhreithniú sin (Tagairt Cáis 000128 insert LINK) ar an 12 Lúnasa 2002 le cinneadh nach raibh an t-iarrthóir i dteideal rochtain a bheith aige ar na taifid. Rinne an t-iarrthóir achomharc chuig an Ard-Chúirt ansin a cheadaigh an t-achomharc, ag treorú go dtarchuirfí an t-ábhar go dtí an Coimisinéir agus go dtabharfaí cead don iarrthóir rochtain a bheith aige ar na taifid. Rinne an Ard-Chúirt cinneadh go ndearna an Coimisinéir earráid sa dlí maidir le forléiriú an Achta um Shaoráil Faisnéise, 1997 (alt 28(6) Rialacháin (IS Uimh. 47 de 1999) ["Rialacháin 1999"] agus i gcur i bhfeidhm tástála a d'iarr ar an iarrthóir fianaise inláimhsithe ("tangible evidence") a sholáthar go mbeadh rochtain aige ar thaifid leighis a iníne chun a leasa.

Rinne an Coimisinéir cinneadh na hArd-Chúirte a achomharc go dtí an Chúirt Uachtarach agus thug sí a breithiúnas ar an 24 Eanáir 2006. Dhaingnigh an Chúirt Uachtarach cinneadh na hArd-Chúirte ach d'athraigh sí í tríd an cás a tharchur ar ais go dtí an Coimisinéir chun athbhreithniú a dhéanamh de réir na tástála cirte agus i gcomhthéacs na gcúinsí uile ("for review in accordance with the correct test and in light of all the circumstances."). Rinne sí cinneadh gur cheart alt 28(6) den Acht a léirmhíniú i gcomhthéacs an Bhunreachtá agus go bhfuil an t-iarrthóir, mar thuismitheoir, i dteideal toimhde bhunúsaí go mbíonn a ghníomhartha chun leas a linbh. Rinne sí cinneadh gurbh cheart don Choimisinéir é seo a admháil agus ansin aon fianaise atá ann a thugann aghaidh ar an gceist, nach mbeadh scaoileadh na dtaifead chun leas an mhionaoisigh a mheas ina dhiaidh sin. Dúirt an Chúirt nach bhfuil an seasamh daingean agus go bhféadfadh na cúinsí a bheith amhlaidh gur féidir an toimhde a fhrisnéis agus go gcuirfí fianaise i láthair nach mbeadh scaoileadh na dtaifead chun leas an pháiste. Dúirt sí, agus na cúinsí á meas aici, go bhfuil leas an mhionaoisigh ardcheannasach. Rinne an Chúirt soiléir, ós rud é go raibh beagnach lán-aois ag an bpáiste a

bhí i gceist, gur bhain an-tábhacht lena cuid tuairimí.

Agus athbhreithniú as an nua á dhéanamh aici de thoradh bhreithiúnas na Cúirte Uachtaraí, d'iarr agus mheabhraigh an Coimisinéir aighneachtaí ón iarrthóir, óna iníon, óna comhchaomhnóir agus ón ospidéal. Chas a foireann leis an mionaoiseach a raibh a cuid taifead i gceist.

Cinneadh:

Rinne an Coimisinéir meas ar an argóint a chuir an t-Ospidéal ar aghaidh go bhfuil, faoi fhorálacha an Achta um Chionta Neamh-Mharfacha in aghaidh an Duine, 1997, d'inniúlacht ag mionaoiseach os cionn 16 bliana d'aois toiliú le cóireáil leighis gan tuismitheoirí ná caomhnóirí a bheith ag toiliú lena leithéid de chóireáil. Ghlac sí leis gur aithin an tOireachtas inniúlacht mionaoisigh os cionn 16 bliain d'aois cinneadh a dhéanamh i leith a leasa féin maidir le cóireáil leighis. Mar sin féin, dúirt sí nach cosúil go mbraitheann an phríomhacht mar thuismitheoir (“parental primacy”) a bhfuil teacht ag an iarrthóir air, ar cé acu an bhfuil *gá* aige rochtain a bheith aige ar thaifid leighis chun a chur ar a chumas, mar thuismitheoir, feidhmiú chun leas a linbh nó nach bhfuil.

Rinne an Coimisinéir cinntí d'fhíricí éagsúla bunaithe go príomha ar fhianaise dhíreach ó iníon an iarrthóra. Chuir an Coimisinéir aois agus aibíocht an duine aonair a bhí i gceist san áireamh agus na fáthanna áititheacha a chuir sí ar aghaidh maidir lena tuairimí. Rinne an Coimisinéir cinneadh go raibh dóthain fianaise ann nach mbeadh scaoileadh taifid leighis an mhionaoisigh go dtí a hathair chun a leasa d'fhonn an toimhde go mbeadh a leithéid de scaoileadh chun a leasa a fhrisnéis. Rinne an Coimisinéir cinneadh nach mbaineann alt 28(6) leis an gcás seo chun an toirmeasc ar scaoileadh na dtairfead faoi mar a ndéantar foráil lena aghaidh in alt 28(1) den Acht a chur ar ceal. Rinne sí cinneadh freisin nach raibh feidhm ag alt 28(5)(a) – an sárú a bhaineann le leas an phobail – ná aon eisceachtaí eile d'alt 28(1) sna cúinsí sa chás seo.

Ós rud é gurbh é an cinneadh gur nocht na taifid uile faisnéis phearsanta iníon an iarrthóra, níorbh ghá meas a dhéanamh an raibh faisnéis phearsanta na dtríú páirtithe faoi mar a nochtar i roinnt de na taifid í le scaoileadh ar mhaithe le leas an phobail ná ar aon slí eile.

Dáta Cinnidh:
27 Aibreán 2006

CINNEADH FAOI NA hACHTANNA UM SHAORÁIL FAISNÉISE 1997 – 2003
MAIDIR LE CÁS UIMHIR 000128A – AN tUas. N. McK AGUS OSPIDÉAL DE
CHUID BHAILE ÁTHA CLIATH

* Ní gnách aistriúchan (neamhoifigiúil) Gaeilge a chur ar schleachta reachtíochta a bhfuil aistriúchan oifigiúil Gaeilge ag Rannóg an Aistriúchan, Oifig Thithe an Oireachtais ar feitheamh ina leith.

Cúlra

Chuir an t-iarrthóir, an tUas. McK, iarratas faoi bhráid an Choimisinéara Faisnéise ar an 10 Márta 2000 chun athbhreithniú a dhéanamh ar chinneadh an Ospidéil diúltú dá iarratas faoin Acht um Shaoráil Faisnéise (“FOI”) chun rochtain a bheith aige ar thaifid leighis a iníne, a chuaigh isteach san Ospidéal in Eanáir 2000.

Bhí an t-iarrthóir agus a bhean chéile nach maireann, scartha óna chéile ar feadh roinnt blianta roimh bhás Bhean McK [dáta]. Tar éis bhás Bhean McK, cheap ordú de chuid na Cúirte Cuarda Teaghlaigh [dáta] faoin Acht um Chaomhnóireacht Naíon, 1964, de réir mar a leasaíodh é, “B” (deartháir Bhean McK, a fuair bás ina dhiaidh sin [dáta] agus “M” (bean “B”) chun feidhmiú leis an Uasal McK mar chomhchaomhnóirí d’Iníon McK agus a dearthára “R”. Chuir ordú na cúirte an bheirt leanaí i gcomhchoimeád B agus M agus an uasail McK. Rinne sí foráil le haghaidh saorchead teoranta maoirsithe a bheith ag an Uasal McK ar na leanaí a bhí le cur fúthu le B agus M.

D’iarr an t-iarrthóir na taifid ón Ospidéal faoin Acht FOI ar an 17 Eanáir 2000. Theip ar an Ospidéal cinneadh a dhéanamh faoin iarratas sin agus ar an iarratas ina dhiaidh sin chun athbhreithniú inmheánach a dhéanamh agus measadh faoi alt 41 d’Acht FOI gur dhiúltaigh sé don iarratas. Tar éis iarratas an iarrthóra go dtí m’Oifig, áfach, scríobh an tOspidéal chuige ar an 29 Eanáir 2001, ag cur in iúl dó go raibh sé ag diúltú dá iarratas rochtain a bheith aige ar na taifid, ag cur san áireamh, go háirithe, alt 28(6) den Acht FOI agus na rialacháin a rinneadh faoin alt sin. Rinne m’Oifig cinneadh tar éis chríochnú an athbhreithnithe ar an 12 Lúnasa 2002. Rinneadh cinneadh faoi sin nach raibh an t-iarrthóir i dteideal faoin Acht FOI rochtain a bheith aige ar na taifid a bhí i gceist.

Rinne an t-iarrthóir achomharc ar an gcinneadh go dtí an Ard-Chúirt agus, tar éis di éisteacht leis an achomharc i Samhain 2003, thug an Chúirt a breithiúnas ar an 14 Eanáir 2004. Cheadaigh an Breitheamh Quirke an t-achomharc agus threoraigh sé go dtarchuirfí an cás go dtí an Coimisinéir le teorú go mbronnfadh an Coimisinéir rochtain ar na taifid ar an iarrthóir. Rinne an Ard-Chúirt cinneadh go ndearna an Coimisinéir earráid sa dlí maidir le forléiriú an Achta um Shaoráil Faisnéise, 1997 (alt 28(6) Rialacháin (IS Uimh. 47 de 1999) [dá ndéantar tagairt uaidh seo amach mar “Rialacháin 1999”] agus i gcur i bhfeidhm tástála a d’iarr ar an iarrthóir “fianaise inláimhsithe” a sholáthar go mbeadh rochtain aige ar thaifid leighis a iníne chun a leasa.

Ina dhiaidh sin, rinne mé achomharc ar chinneadh na hArd-Chúirte go dtí an Chúirt Uachtarach. Ina cinneadh, a tugadh ar an 24 Eanáir 2006, dhaingnigh an Chúirt Uachtarach cinneadh na hArd-Chúirte. Mar sin féin, d’athraigh an Chúirt Uachtarach cinneadh na

hArd-Chúirte faoin ábhar a bhain le tarchur an cháis go dtí m’Oifig. Tharchuir an Chúirt Uachtarach an *cás chun athbheithniú a dhéanamh de réir na tástála cirte agus i gcomhthéacs na gcúinsí uile* (“for review in accordance with the correct test and in light of all of the circumstances”).

Scóip an Athbheithnithe

Ba é an t-iarratas a bhí ag an iarrthóir ar dtús “Na taifid uile i ngach uile formáid a bhaineann liom féin agus aon bhall teaghlaigh de mo chuid lena n-áirítear mo pháistí [ainmneacha] agus mo bhean chéile [ainm] nach maireann” (“All records in all formats relating to myself and any members of my family system including my children [names] and my late wife [name]). Le linn an athbheithnithe, shainaithin an tOspidéal 39 taifead a bhí i seilbh ann agus a cruthaíodh maidir le cóireáil pháistí an iarrthóra. Chuir sé cóipeanna de na taifid seo ar fáil do m’Oifig a raibh na huimhreacha 1-39 curtha orthu aige agus leanaim na huimhreacha sin sa chinneadh seo. Le linn phróiseas an athbheithnithe a bhí ann ar dtús, rinne an tOspidéal cinneadh, tar éis do m’Oifig idirghabháil a dhéanamh, na taifid a bhain le R a scaoileadh agus scaoileadh iad leis an iarrthóir i Lúnasa 2002. Dá réir sin, ní dhéanfar na taifid seo (ar chuir an tOspidéal na huimhreacha 1-6) a mheas san athbheithniú seo.

Dúirt m’Oifig leis an iarrthóir gur dhealraigh sé ón mbreithiúnas a thug an Breitheamh Quirke san Ard-Chúirt (ar glacadh a chinneadh faoi na fíricí ag an gCúirt Uachtarach), gurb iad taifid arb ábhar an tarchuir iad ná na taifid sin a bhaineann díreach le faisnéis phearsanta faoin iarrthóir agus/nó faoina iníon. I dtaca leis seo, tugaim faoi deara an breithiúnas a thug Denham J. sa Chúirt Uachtarach a deir *gur aontaigh na páirtithe go bhfuil “comhfhaisnéis phearsanta” i 26 de na taifid ar fad a n-iarrann an t-iarrthóir rochtain orthu a bhaineann leis an ábhar faoi iníon an iarrthóra agus faoi féin amháin agus gurb iad seo na taifid is ábhar don achomharc seo*. (“It was agreed by the parties that a total of 26 of the records to which the requester seeks access comprise “joint personal information” which is confined to material relating to the requester's daughter and himself and it is those records which are the subject of this appeal.”) Chun an fhírinne a rá, tá faisnéis phearsanta faoi Iníon McK. amháin sa chuid is mó de na taifid, agus iad ag baint lena cóireáil leighis; luann roinnt de na taifid an t-iarrthóir agus tá faisnéis phearsanta faoi dhaoine eile i roinnt acu.

D’easaontaigh an t-iarrthóir leis an moladh go gcoinneofaí scóip an athbheithnithe nua seo leis na taifid sin atá déanta suas de thaifid an Ospidéil faoi ghlacadh agus faoin gcóireáil a fuair Iníon McK. agus a bhfuil na huimhreacha 7-39 orthu ach nach bhfuil faisnéis phearsanta faoi dhaoine seachas an t-iarrthóir agus a iníon iontu. Is é mhaíomh féin más athbheithniú “de novo” é seo, go gcaithfidh mé na taifid ar fad a mheas.

Tar éis meas a dhéanamh ar an ábhar, tá cinneadh déanta agam an fhaisnéis ar fad i dtaifid 7-39 a chur san áireamh i m’athbheithniú agus cinneadh a dhéanamh freisin an bhfuil an t-iarrthóir i dteideal, faoi Acht FOI, rochtain a bheith aige ar a leithéid d’fhaisnéis phearsanta faoi dhaoine seachas é féin agus Iníon McK. de réir mar atá sna taifid ag an Ospidéal. Glacaim an dearcadh seo ar mhaithe le hiomláine agus cuirim san áireamh go ndealraíonn go bhfuil d’éifeacht ag ordú na Cúirte Uachtaráí (a rinneadh ar an 7 Feabhra 2006 agus a foirfíodh ar an 28 Feabhra 2006) a bheith ag neamhnú an chinnte ar an 12 Lúnasa 2002 a phléigh leis na taifid ar fad ina n-iomláine.

Próiseas an Athbheithnithe

Déanann alt 28(6) d'Acht FOI foráil, d'ainneoin an toirmisc ghinearálta in alt 28(1) faoi scaoileadh taifead a nochtann faisnéis phearsanta faoi dhuine aonair seachas an t-iarrthóir, féadfaidh an Aire foráil a dhéanamh trí rialacháin go gceadófar iarratas nuair a bhíonn an t-iarrthóir atá i gceist mar thuismitheoir nó mar chaomhnóir don duine aonair a mbaineann na taifid leis. Déanann Rialacháin 1999 foráil, *inter alia*, chun iarratas a cheadú, faoi réir na bhforálacha eile in Acht FOI nuair is é thuismitheoir nó caomhnóir an t-iarrthóir, nuair a bhaineann an fhaisnéis le daoine nach bhfuil, ag am an iarratais, lán-aois acu agus nuair, i dtuairim an chinnteora, a mbeadh rochtain ar an taifead chun leas an mhionaoisigh atá i gceist. Dhaingnigh an Chúirt Uachtarach breithiúnas na hArd-Chúirte gur cheart alt 28(6) den Acht a léirmhíniú de réir an Bhunreacht (go mór mór Alt 41) agus go bhfuil rochtain an t-iarrthóir, mar thuismitheoir, i dteideal toimhde bhunúsaí go mbíonn a ghníomhartha chun leas a linbh. Rinne an Chúirt cinneadh go ndearna an Coimisinéir earráid agus í ag iarraidh ar an iarrthóir taispeáint go mbeadh scaoileadh na dtaifead chun leas a iníne. Dúirt an Chúirt gurbh cheart don Choimisinéir a admháil go ndéantar toimhde go bhfuil thuismitheoir i dteideal teacht ar an fhaisnéis agus ansin aon fhianaise a thugann aghaidh ar an gceist nach mbeadh scaoileadh na dtaifead chun leas an mhionaoisigh a mheas ina dhiaidh sin.

Tar éis dom meas a dhéanamh faoi chinneadh na Cúirte Uachtaraí, bheartaigh mé tús a chur leis an athbheithniú nua láithreach agus é a dhéanamh i gcomhthéacs an bhreithiúnais a tugadh ar an 24 Eanáir 2006. Thug mé faoi deara an tagairt a rinne an Chúirt go mbeadh lán-aois ag Iníon McK ag deireadh Bealtaine 2006 agus theastaigh uaim an t-athbheithniú a ghabháil de lámh chomh luath agus chomh praiticiúil agus ab fhéidir gan comhréiteach a dhéanamh maidir le cóirghnáthaimh. I litir dar dáta an 2 Feabhra 2006, chuir m'Óifig in iúl don iarrthóir, Iníon McK, M agus don Ospidéal faoi mo chuid moltaí chun an t-athbheithniú a ghabháil de lámh. Míníodh do na páirtithe go ndearna an Chúirt Uachtarach soiléir gurb é *an príomhsheasamh* (“*the primary position*”) go bhfuil toimhde ann go bhfuil an t-iarrthóir i dteideal, mar thuismitheoir, rochtain a beith aige nó aici ar fhaisnéis faoin gcóireáil leighis a fuair a leanbh. Ba é cinneadh na Cúirte gurbh é an dearcadh ceart gurbh é an *toimhde go mbeadh scaoileadh na faisnéise leighis sin chun leas an mhionaoisigh* (“*presumption is that the release of such medical information would best serve the interests of the minor*”). Rinne an Chúirt soiléir freisin, áfach, nach bhfuil an seasamh daingean agus go bhféadadh *cúinsí a bheith amhlaidh nó gur féidir an toimhde a fhrisnéis* agus go bhféadfar fianaise a sholáthar nach mbeadh sé chun a leasa, agus, agus na cúinsí á meas, go bhfuil a leas *ardcheannasach*. (“*circumstances may be such that the presumption may be rebutted*” and that “*...evidence may be produced that it would not serve her interests, and, in considering the circumstances, her welfare is paramount.*”)

Tugadh cuireadh do na páirtithe aighneachtaí faoin ábhar a chur isteach. Míníodh dóibh nach gá d'aighneachtaí mar sin cloí leis na forálacha in alt 28 d'Acht FOI agus na rialacháin a rinneadh faoi mar atá curtha síos orthu thuas. Chuir m'Óifig in iúl do na páirtithe go ndearna an Chúirt Uachtarach cinneadh gurbh cheart don Choimisinéir *déileáil leis an iarratas trí admháil go ndéantar toimhde go bhfuil thuismitheoir i dteideal rochtain a bheith aige nó aici ar an bhfaisnéis* agus gur féidir leis an gCoimisinéir leanúint ar aghaidh chun meas a dhéanamh ar aon fhianaise a thugann aghaidh ar an gceist nach mbeadh sé chun leas an mhionaoisigh go gcuirfí a leithéid d'fhaisnéis ar fáil don thuismitheoir (“*...should have*

*approached the request by acknowledging that a parent is presumed to be entitled to access the information ” and that “... the Commissioner may then proceed to consider any evidence which exists addressing the issue that it would not be in the minor's best interests that the parent should be furnished with such information ”). Anuas air sin, rinne an Chúirt Uachtarach soiléir go bhfuil tuairimí Iníon McK faoin scéal *thar a bheith ábharach anois* (“*now are very relevant*”). Agus deis á tabhairt do na páirtithe go ndéanfaí meas ar aighneachtaí aici, chuir m’Oifig i gcuimhne dóibh, ag brath ar na cineálacha freagraí a fuarthas, go mb’fhéidir nárbh mhór na ceisteanna a d’éirigh a chur go dtí na páirtithe má táthar chun brath orthu i mo chinneadh.*

Agus í ag scríobh chuig Iníon McK, rinne m’Oifig soiléir gurbh iad a tuairimí féin a bhí ag teastáil. Rinne Iníon McK teagmháil le m’Oifig ar an 10 Feabhra 2006 agus chuir sí in iúl gurbh mhian léi casadh le m’fhoireann d’fhonn a tuairimí a chur in iúl. Socraíodh cruinniú le haghaidh an 15 Feabhra 2006; cuireadh é seo ar aghaidh ag Iníon McK mar dháta oiriúnach le linn shaoire na scoile. Cuireadh an t-iarrthóir ar an eolas faoin socrú seo i litir dar dáta an 10 Feabhra 2006. Ag an gcrúinniú, mhínigh m’fhoireann go hIníon McK an cúlra a bhí ag an athbhreithniú nua agus leag siad amach na príomhphointí i mbreithiúnas na Cúirte Uachtaraí. Dúirt Iníon McK gur thuig sí an scéal. Tar éis di iniúchadh a dhéanamh ar na taifid a bhí i gceist (a chonaic sí, de réir dealraimh, ag an Ospidéal roimh ré), chuir Iníon McK a tuairimí in iúl faoi bheith ag ligean dá hathair rochtain a bheith aige orthu. De réir mar a aontaíodh ag an gcrúinniú, ullmhaíodh nóta comhaimseartha den mhéid a dúirt sí agus cuireadh go hIníon McK í chun aontú agus ainm a chur leis. Ar an 20 Feabhra 2006, chuir Iníon McK cóip shínithe den nóta faoin gcrúinniú le hathruithe éagsúla de láimh ar ais.

Ar an 15 Feabhra 2006, thug an tOspidéal freagra ar litir m’Oifige trí ráiteas scríofa inár nochtáíodh a thuairimí faoin ábhar.

I litir dar dáta an 19 Feabhra 2006, thug an t-iarrthóir freagra ar litir m’Oifige dar dáta an 2 Feabhra 2006 inár nocht sé a thuairimí féin. Agus iad ag admháil a aighneachta ar an 21 Feabhra 2006, d’iarr m’Oifig maitheamh as an earráid a rinneadh sa chéad chinneadh agus thug sí droim láimhe do mhaíomh an iarrthóra go ndearnadh an cinneadh faoina iarratas de bharr dochair ina aghaidh nó de bhrí go raibh straitéis d’aon turas (“*a deliberate strategy*”) á imirt ag m’Oifig chun moill a chur ar an gcás seo. Anuas air sin, shoiléirigh freagra m’Oifige ceisteanna éagsúla a chuir an t-iarrthóir a dtugaim aghaidh orthu arís sa chinneadh seo.

Ar an 20 Feabhra 2006, d’fhreastail M, comhchaomhnóir Iníon McK, ar m’Oifig agus chuir sí a cuid aighneachtaí faoi bhráid na mball céanna de m’fhoireann a chas le hIníon McK. Arís, míníodh cúlra an cháis agus dúirt M go raibh breithiúnas na hArd-Chúirte léite aici agus gur thuig sí é. Maidir leis an toimhde go mbeadh scaoileadh na dtairfead go dtí athair Iníon McK chun leas Iníon McK, mhínigh m’fhoireann do M nárbh leor ann féin an easpa comhaontaithe leis an gcomhchaomhnóir chun an toimhde a fhrisnéis. Rinneadh nóta comhaimseartha den chruinniú agus cuireadh go dtí M é. Chuir sí é seo air ais, tar éis di roinnt athruithe a dhéanamh, ar an 5 Márta 2006.

Cuireadh coimrithe de na haighneachtaí a ndéantar cur síos orthu thuas go dtí an t-iarrthóir ar an 6 Márta 2006 agus tugadh cuireadh dó breis tuairimí a nochtadh faoi na haighneachtaí seo agus/nó faoi litir m’Oifige dar dáta an 21 Feabhra 2006. Míníodh nár chiallaigh aon ábhar a bheith sna haighneachtaí go raibh mé, ag an tráth sin, ag glacadh le haon ghné den fhianaise a tugadh ná ag tabhairt meáchain ar leith dó, agus nach ndearnadh aon mheasúnacht ná moladh

maidir leis an gcinneadh a d'fhéadainn a thabhairt. Dúirt an t-iarrthóir i ríomhphost go dtí m'Oifig ar an 15 Márta 2006 go ndéanfadh sé breis aighneachtaí nach déanaí ná an 24 Márta 2006.

Ar an 24 Márta 2006, sheol an t-iarrthóir litir go hElizabeth Dolan, an t-imscrúdaitheoir a sannadh don chás i m'Oifig. Rinneadh an litir, a d'ainmnigh na mionaoisigh uile, a chóipeáil trí ríomhphost chuig gach uile bhall den Oireachtas. Rinne litir eile, dar dáta an 24 Márta 2006 freisin, tagairt i gcoitinne don athbhreithniú seo agus go mór mór d'iarrachtaí athbhreithnithe eile a bhí faoi leith ach nasctha le hIníon McK atáthar á meas i m'Oifig. Cuireadh an litir seo faoi bhráid bhaill an Oireachtais freisin faoin gceannteideal Aistriú Coimisinéara (“Removal of Commissioner”). Sna litreacha seo, rinneadh líomhaintí éagsúla maidir le m'iompar maidir leis an athbhreithniú agus rinneadh líomhaint go raibh moill sa chás mar chuid de straitéis d'aon turas (“a deliberate strategy”) ag m'Oifig chun moill a chur ar an gcinneadh go dtí go mbeadh ocht mbliaina déag slánaithe ag Iníon McK. Dúirt an t-iarrthóir go raibh sé ag leanúint a bheith ag tógáil phróiseas na cinnteoireachta amach as lámha m'oifige ionas gurbh fhéidir déileáil leis an gcinneadh ag an Aire Dlí agus Cirt. Mhaígh sé freisin go raibh seasamh míchaidreamhach i leith inscinne áirithe ag m'Oifig (“gender specific misanthropic position”).

Eisíodh freagraí m'Oifige ar na pointí a rinneadh in aighneachtaí an iarrthóra ar an 27 Márta agus ar an 30 Márta 2006. Shoiléirigh na freagraí nádúr na dtaihead agus scóip an athbhreithnithe agus dhaingnigh siad, faoi mar a iarradh, go ndéanfaí na haighneachtaí scríofa a d'ullmhaigh lucht comhairle dlí Iníon McK le haghaidh na hArd-Chúirte agus na Cúirte Uachtaraí a mheas san athbhreithniú seo. Thug m'Oifig comhairle don iarrthóir go raibh orm faoi alt 34(6) d'Acht FOI a chur in iúl don Ospidéal faoin athbhreithniú agus meas a dhéanamh ar aon aighneachtaí uaidh. Anuas air sin, chuir freagra m'oifige m'inní in iúl faoin mbealach ina ndeachaigh an t-iarrthóir i ngleic leis an athbhreithniú, lena n-áirítear a chuid ionsaithe gan údar ar m'ionracas féin agus ar ionracas m'fhoirne. Rinneadh an pointe go nglacann muid go hiomlán le cinneadh na Cúirte Uachtaraí gur bhraith an chéad chinneadh ar thástáil a fuarthas amach ó shin a bheith míbhunreachtúil. Deirtear nach ionann ar chor ar bith earráid sa dlí a dhéanamh agus a bheith laofach nó réamhchlaonta.

Ina litir dar dáta an 30 Márta 2006, chuir m'Oifig in iúl don iarrthóir go raibh tugtha le fios ag ár bhfoireann dlí don Chúirt Uachtarach dá gcuirfí an cás ar ais chugamsa chun athbhreithniú nua a dhéanamh, go rachainn ina bhun chomh luath agus ab fhéidir agus ag cur san áireamh go mbeidh príomhábhar na dtaihead – Iníon McK – i lán-aois ag deireadh Bealtaine 2006. Dúirt an litir gurb é ár dtaithe nár chuidigh an bealach a roghnaigh an t-iarrthóir chun dul i ngleic linn chun athbhreithniú a dhéanamh chun luas a chur faoin bpróiseas. D'iarr m'Oifig ar an iarrthóir éirí as a bheith ag cóipeáil comhfhreagrachta a bhí mar chuid de phróiseas an athbhreithnithe go páirtithe lasmuigh. Cuireadh an inní in iúl go mb'fhéidir go mbeadh sainaithe leanaí agus a bheith á nasc le himeachtaí cúirte a bhí ann roimhe ina bhriseadh ar an riail faoi *in camera*. Iarradh ar an iarrthóir ráiteas soiléir a dhéanamh gur theastaigh uaidh go dtabharfainn féin an t-athbhreithniú seo (agus cásanna eile a raibh baint aige leo) chun críche.

Ar an 29 Márta 2006, chuir an t-iarrthóir tuairimí isteach mar fhreagra ar litir m'Oifige dar dáta an 27 Márta 2006 agus ar an 31 Márta 2006 chuir sé teachtaireacht chugainn a dúirt ‘Déan do chinntí’ (“Make your decisions”).

I dteachtaireacht eile a fuair m’oifig ar an 3 Aibreáin 2006, chuir an t-iarrthóir in iúl gur theastaigh uaidh go ndéanfadh m’Oifig cinneadh ina chuid cásanna féin. I ndiaidh sin áfach, lean sé ar aghaidh chun iarraidh go n-éireoidh duine de chuid m’fhoirne as a bheith i dteagmháil leis agus rinne sé líomhaintí tromchúiseacha gan substaint in aghaidh an bhaill shinsearaigh sin den fhoireann. Dúirt an t-iarrthóir gur iarr sé maitheamh as aon bhriseadh ar an riail faoi *in camera* . Arís eile, rinneadh an teachtaireacht seo a chóipeáil go dtí gach uile bhall den Oireachtas.

Ag an tráth seo, rinne mé machnamh dian an raibh iompar an iarrthóra i ndiaidh a chur thar mo chumas leanúint ar aghaidh leis an athbhreithniú. Tar éis dom mo mharana a dhéanamh agus comhairle a fháil ó mo chomhairleoirí dlí, rinne mé cinneadh, d’ainneoin meon an iarrthóra, leanúint ar aghaidh le cinneadh foirmiúil sa chás seo, go mór mór ós rud é, de réir mar a thuigim, gur neamhnigh ordú na Cúirte Uachtaraí an cinneadh a bhí ann roimhe sin agus bhí orm féin an t-ábhar a shocrú tar éis dom athbhreithniú nua a dhéanamh. Míníodh mo dhearcadh don iarrthóir i litir dar dáta an 4 Aibreáin 2006.

Aighneachtaí

Agus an t-ábhar a cuireadh isteach le haghaidh an athbhreithnithe á chur síos mar achoimre agam, ní thugaim aghaidh go dearfa ar gach uile cheann de na pointí a rinneadh ach rinneadh meas cúramach faoi na haighneachtaí ar fad. Chun nach mbeidh aon amhras faoi, má tá pointe áirithe a rinne aon cheann de na páirtithe san achoimre seo ní chiallaíonn sé go nglacaim lena cruinneas ná lena ábharthacht. Mar sin féin, táim sásta go ndearnadh gach rud a bhaineann le hábhar a mheas agus gur déileáladh leo san anailís atá le fáil sa rannóg Torthaí sa chinneadh seo.

An tIarrthóir

Déantar tagairt don chuid is mó d’ábhar na n-aighneachtaí is deireanaí a chuir an t-iarrthóir isteach thuas faoi “Próiseas an Athbhreithnithe”. Pléifidh an rannóg seo den chuid is mó leis na hargóintí a cuireadh ar aghaidh ag an iarrthóir faoina cheart rochtana ar na taifid. Ina aighneacht dar dáta an 19 Feabhra 2006, d’iarr an t-iarrthóir go gcuirfí a chuid aighneachtaí uile faoi gach uile iarratas, a d’eascair ó iarratais éagsúla chun rochtain a fháil ar thaifid faoina theaghlach atá i seilbh comhlachtaí poiblí. le haghaidh athbhreithnithe go dtí m’Oifig san áireamh sa chás seo. Shonraigh sé freisin go ndéanfaí na haighneachtaí scríofa a chuir a chomhairleoirí dlíthiúla chuig an Ard-Chúirt agus an Chúirt Uachtarach a chóireáil mar chuid dá chuid aighneachtaí. Chuige seo, chomh maith leis na haighneachtaí a shonraítear thuas agus a rinneadh ó tarcuireadh an cás le haghaidh athbhreithnithe nua, tá meas déanta agam ar na rudaí seo a leanas:

- an t-iarratas a chuir an t-iarrthóir chuig an Ospidéal ar dtús ar an 17 Eanáir 2000 agus na litreacha uaidh ar an 7 Meán Fómhair 2000 agus an 3 Feabhra 2001 chuig an Ospidéal – tagairt comhaid athbhreithnithe 000128;
- iarratas an iarrthóra le haghaidh athbhreithnithe go dtí m’Oifig ar an 10 Márta 2000 agus aighneachtaí scríofa dar dáta 4 Feabhra 2002 – tagairt comhaid athbhreithnithe 000128;
- a thuairimí a nocht sé d’fhoireann m’Oifige le linn glaonna gutháin ar an 10 Deireadh Fómhair 2001, 6 Márta 2002 agus 15 Aibreán 2002 – tagairt comhaid athbhreithnithe 000128;
- Aighneacht scríofa an lucht comhairle dlí go dtí an Ard-Chúirt dar dáta an 26

- Bealtaine 2003 thar ceann an iarrthóra;
- Aighneacht scríofa an lucht comhairle dlí go dtí an Chúirt Uachtarach dar dáta an 24 Deireadh Fómhair 2005 thar ceann an iarrthóra;
- aighneachtaí a rinne an t-iarrthóir mar gheall ar a iarratais le haghaidh athbhreithnithe ag eascairt ó chinntí a rinne comhlachtaí poiblí eile sa mhéid agus go n-eascraíonn ceisteanna ar tugadh aghaidh orthu faoin gceart rochtain a fháil ar thaifid san athbhreithniú seo freisin lena n-áirítear litreacha agus ríomhphoist dar dáta an 4 Feabhra 2002, 29 Deireadh Fómhair 2002, 24 Eanáir 2003, 3 Feabhra 2003, 19 Márta 2003, 27 Feabhra 2004, 16 Márta 2006, 23 Márta 2006 agus 24 Márta 2006 maraon le nótaí faoi chomhráití gutháin ar an 13 Feabhra 2002 agus an 17 Eanáir 2003. Rinneadh na haighneachtaí seo i dtaca le cás a bhfuil na huimhreacha tagartha 99491, 000137, 020593 agus 030587 orthu ach nach ndearnadh cinneadh fúthu fós agus cásanna uimhreacha 99492 agus 000007 a ndearna m’Oifig cinneadh fúthu i 2002.

D’iarr an t-iarrthóir ina aighneacht ar an 19 Feabhra 2006 go n-admhóinn nach ndéanfadh scaoileadh na dtaifead dochar do leas iníon McK. D’iarr sé daingniú uaim freisin go ndearnadh sárú ar a chearta agus a fhreagrachtaí Bunreachtúla agus a cheart ar thuismíocht gan bhac (“unhindered parenthood”) ag an Stát agus agam féin. Lean sé air chun a rá go bhfuil oibleagáid bhunreachtúil orm féin gach a bhfuil i mo chumhacht a dhéanamh chun an éagóir a rinne an [m’]Oifig sin a cheartú (“to rectify the wrong doing that [my] office has perpetrated”). Rinne sé tagairt dá cheart a pháistí a theagasc (“to inculcate”) lena chuid caighdeán moráltachta agus eitice féin agus cinneadh a dhéanamh faoin gcóireáil leighis, oideachais, creidimh agus imeachtaí eile. D’iarr sé orm fianaise inláimhsithe a sholáthar dó cén fáth nárbh cheart na cearta agus na freagrachtaí seo a thacú. Chuir sé a thuairim in iúl dá ndéanfadh máthair iníon McK an t-iarratas, nach móide go mbeadh sí ag feitheamh leis na taifid fós.

I gceann de na haighneachtaí a chuir sé isteach roimhe dar dáta an 3 Feabhra 2003, chuir an t-iarrthóir a thuiscint ar chearta tuismíochta faoi Bhunreacht na hÉireann in iúl. D’áitigh sé nach mór don Stát taispeáint trí fhianaise shoiléir áititheach go bhfuil leas tábhachtach de chuid an stáit i gceist sular féidir leis ceart tuismíochta a fhoirceannadh. Dúirt sé go gcosnaíonn cearta tuismíochta leas tuismitheoirí agus páistí i ngaol atá nádúrtha agus neamhspleách ar an stát agus nach mór a leas a chosaint ó chur isteach míchuí ón stát ar an ngaol sin. Dúirt sé gur minic a dhéanann daoine rogha in aghaidh a leasa féin nó in aghaidh leas a pháistí ach ní hionann sin agus a rá go mbeidh an cur isteach rialtais (“government interference”) chun a rogha féin a bhrú chun leas an duine ná a pháiste. Dúirt sé go gcaithfear fianaise shoiléir áititheach a thaispeáint gur gá cur isteach ar chearta tuismíochta chun dochar do na páistí a sheachaint sular chóir don Stát cur isteach agus ceart an pháiste ar ghaol tuismíochta (“a parenting relationship”) a chosaint san am céanna. Dúirt an t-iarrthóir gurbh é an phríomhcheist a bhaineann le seasmhacht a pháistí i ndiaidh báis agus a sláinte mheabhrach, idirghníomhaíocht dhlúth leanúnach leis an aon tuismitheoir amháin atá acu.

Cuireadh aighneachtaí dlíthiúla lucht comhairle dlí an iarrthóra isteach don Ard-Chúirt agus don Chúirt Uachtarach. Is léir óna gcinntí gur ghlac an dá Chúirt argóintí an iarrthóra maidir leis an bhforáil bhunreachtúil, an toimhde go mbíonn an t-athair ag feidhmiú chun leas an pháiste agus an maíomh go raibh dearcadh an Choimisinéara mícheart, trí fhianaise inláimhsithe (“tangible evidence”) a iarraidh go raibh an tuismitheoir ag feidhmiú chun leas an pháiste.

Ina chuid aighneachtaí dar dátaí an 24 Márta 2006 agus an 29 Márta 2006, d'iarr an t-iarrthóir go ndéanfaí an cás a mheas ón seasamh ina chéad iarratas i Márta 2000 agus go ndéanfainn cinneadh faoi na taifid ar fad i seilbh an Ospidéal. D'iarr sé go gcuirfeadh m'Oifig sceideal ar fáil dó ag sainathint gach taifid agus na fáthanna ar diultaíodh iad. Rinne sé tagairt do thaifead áirithe gur theastaigh uaidh é a bheith leasaithe agus chuir sé i leith m'Oifige a bheith mar chúlpháirtí i ngníomh calaoise.

Rinne an t-iarrthóir an argóint nach raibh aon cheart éisteachta san athbhreithniú seo ag an Ospidéal.

Thug an t-iarrthóir freagra ar aighneachtaí M trína imní in éineacht léi go raibh an t-athbhreithniú seo ar siúl sna seachtainí roimh scrúdú Ardteistiméireachta iníon McK. Dúirt sé áfach, nár bhain an chuid eile d'aighneachtaí M le hábhar faoi mheas ar fhrisnéis na toimhde go bhfuil ceart ag an iarrthóir rochtain a fháil ar thaifid leighis a iníne. Rinne sé tagairt do thuairimí an Bhreithimh Quirke san Ard-Chúirt nuair a dúirt sé *“Reluctance by another family member to agree to access does not, in the absence of any supporting evidence, amount to rebuttal sufficient to displace the presumption referred to .”*

Maidir le coimeád a pháistí, dúirt an t-iarrthóir go raibh M mícheart ag creidiúint gur tugadh comhchoimeád dó le [ainmneacha] chun a chinntiú gur chomhlíon sé a dhualgais thuismíochta. Mhínigh sé go raibh comhchoimeád aige cheana féin an tráth sin agus gur tugadh freagracht comhchoimeáda do [ainmneacha] leis an Uasal McK. Dúirt an t-iarrthóir go raibh líomhaintí gan substaint agus cráiteacha á ndéanamh ag M mar thacaíocht lena seasamh. Mhaígh sé gur iarr [na hainmneacha] a pháistí a choimhthiú go rialta (“consistently tried to alienate”) uaidh féin agus óna dteaghlach ar fad (“their extended family”). Dúirt sé nár chreid sé go raibh aon fhianaise ag M a léireodh aon loiceadh dualgais ag an iarrthóir den chineál atá i gceist in Alt 42.5 den Bhunreacht. Ós rud é, ina bharúil féin, gur tharraing aighneachtaí M drochphictiúr den iarrthóir, dúirt an t-iarrthóir nár bh cheart go mbeadh an aighneacht mar chuid de chomhfhreagras m'Oifige leis. Dúirt sé go bhfuil sé ...ar aon dul leis an dearcadh míchaidreamhach i leith inscine áirithe atá ag an gCoimisinéir (“...it is consistent with the Commissioner's gender specific misanthropic view”) faoi.

Rinne an t-iarrthóir iarratas faoi alt 37(5) den Acht FOI le haghaidh costas a tháinig air agus le haghaidh cúitimh le haghaidh an ama a chaill sé de bharr faid phróiseas an athbhreithnithe.

Maidir le taifid ina raibh faisnéis phearsanta faoi dhaoine aonair seachas an t-iarrthóir agus a pháistí, rinne an t-iarrthóir aighneachtaí éagsúla agus chuir sé ceistanna éagsúla ar m'Oifig faoi chur i bhfeidhm an Achta FOI maidir le faisnéis faoi tríú páirtithe (“third party”) den tsórt sin. Chuir sé ceist an bhféadfaí tagairtí do thríú páirtithe a chur isteach d'aon turas i dtaifid chun go mbeadh siad cáilithe le haghaidh díolúine. Chuir sé ceist arbh leor ainm tríú páirtithe nó roinnt faisnéise gan iarmhairt (“or some inconsequential information”) chun taifead a dhéanamh díolmhaithe. Dúirt sé, go mór mór maidir le cur i bhfeidhm an Achta FOI faoi chomhfhaisnéis phearsanta (“joint personal information”), nach dtacaíonn m'Oifig le meanmna an Achta.

Iníon McK

Ina cuid aighneachtaí béil go dtí m'oifig, dúirt iníon McK nár theastaigh uaithi go mbeadh

rochtain ag a hathair ar a cuid taifead leighis. Dúirt sí nár labhair sí leis an iarrthóir le breis agus dhá bhliain go leith anuas agus gur déanadh aon teagmháil léi tríd a deartháir. Chuimhnigh iníon McK gurbh é an babhta deireanach a labhair sí lena hathair, nuair a bhí sí cúig bhliain déag go leith d’aois. Rinne sí tagairt go mion d’éirí eatarthu agus dúirt sí go raibh sí chomh buartha ina dhiaidh, faoi na rudaí a dúirt a hathair léi mar gheall uirthi, a deartháir agus a tuismitheoirí altrama (“foster parents”) gur thosaigh sí a bheith á gearradh féin. De réir iníon McK, bhí coilim aici dá bharr seo agus mhol dochtúir go bhfeicfeadh sí comhairleoir. Dúirt sí nach ndeachaigh sí le haghaidh comhairleoireachta an uair sin mar gur bhraith sí go raibh a dóthain de chomhairleoirí aici thar na mblianta.

Dúirt iníon McK gurbh dheacair léi a thuiscint cén fáth a theastódh na taifid óna hathair. Dúirt sí go bhfuil an t-eolas aige cheana féin. Dar léi gurbh ionann a bheith ag iarraidh na dtaifead agus ionsaí uirthi féin trí bheith ag iarraidh eolais mar gheall ar mo cholainn (“information about my body”). Dúirt sí, dá dtabharfaí rochtain ar na taifid don iarrthóir, go ndéanfadh sé an saol fíor-chrua uirthi (“he would make my life hell”) agus go mbeadh sé in ann na taifid a bhrú ina smut (“dangle over”).

Chuir iníon McK síos ar an mbealach a thug teagmháil lena hathair strus agus buaireamh di. Thug sí roinnt samplaí conas a ghoill iompar a hathair uirthi san am a caitheadh. Dúirt sí, gur thug rudaí a tharla lena hathair agus an coinne a bhí aici chun teagmháil a dhéanamh leis scanradh agus tromluí di san am a caitheadh. In eachtra amháin a luaigh sí, thug a hathair cuairt uirthi san Ospidéal le linn na tréimhse atá i gceist sna taifid faoi athbhreithniú. I dtuairim iníon McK, ní raibh beann cuí ag a hathair ar a príobháideachtas. Dúirt sí gurbh ionann an t-iompar seo agus imeaglú dar léi.

Agus í ag rá fúithi féin go raibh sí trína chéile (“in bits”) nuair a léigh sí faoi imeachtaí achomhairc na hArd-Chúirte agus na Cúirte Uachtaraí sa nuachtán, dúirt iníon McK gur chuir an méid a tharla roimh ré (“the build up to the whole thing”) strus mór uirthi. Dúirt sí gurbh ionann aon teagmháil agus iarracht óna hathair smacht a imirt uirthi agus go bhfuil a dóthain aici (“had enough”). Dúirt sí go bhfuil aigne shoiléir aici agus nach dteastaíonn uaithi go mbeadh rochtain ag an iarrthóir ar a cuid taifid i gcúinsí ar bith.

“M”

Dúirt M go raibh cinneadh na Cúirte Uachtaraí léite aici, gur thuig sí an scéal go hiomlán agus go raibh sí ag nochtadh tuairimí mar chomhchaomhnóir iníon McK. Dúirt sí gur thuig sí nárbh leor easaontú an chomhchaomhnóra chun an toimhde go mbeadh scaoileadh na dtaifead don iarrthóir chun leas a inéine a fhrisnéis.

Dúirt M gur ghlac sí leis, sa ghnáthchúrsa, gur cheart go mbeadh rochtain ag athair air thaifid leighis a pháiste. Dúirt sí, áfach, nach gnáthchás (“is very far from normal”) é seo ar chor ar bith. Tá an-inní uirthi go bhfuil an próiseas seo ar siúl sna seachtainí roimh scrúduithe Ardteistiméireachta iníon McK. Dúirt sí go bhfuil deis chothrom roimh scrúduithe Mheithimh tuillte ag iníon McK agus mura ndéantar an cás a réiteach roimh an gCáisc, go bhfuil sí ag cur i gcoinne aon teagmhála le hiníon McK maidir le hathbhreithniú an FOI go dtí tar éis na hArdteistiméireachta.

Dúirt M go gcreideann sí nach mbeadh bronnadh rochtain ar thaifid leighis iníon McK, ón am a chuaigh sí isteach san Ospidéal i 2000, don iarrthóir chun leas iníon McK. Chuimhnigh sí an t-am a rinne an Bord Sláinte [ainm] cinneadh ina mheasúnacht go raibh sé chun leas iníon

McK a bheith ina cónaí in éineacht le B agus M.

Chuir M roinnt de chúlra an teaghlaigh agus na rudaí a tharla i láthair. Dúirt sí go raibh an tUasal McK agus Bean McK ina gcónaí óna céile ón mbliain 1992 agus go bhfuair Bean McK ordú urchoisc in aghaidh a fir céile ar [dáta]. De réir M, bhí coimeád aonair den bheirt leanaí ag Bean McK. Díreach sular éag Bean McK [dáta], d'eisigh an t-iarrthóir imeachtaí cúirte chun coimeád na bpáistí a fháil Dúirt M gurbh ag an tráth seo a chuir sí féin agus a fear céile iad féin ar aghaidh chun breathnú i ndiaidh na bpáistí. Chuimhnigh sí gur thug oibrí sóisialta ón mBord Sláinte [ainm] cuairt ar Bhean McK san ospidéal ós rud é go raibh an Bord chun breathnú i ndiaidh leas na bpáistí. Dúirt M gur inis Bean McK don oibrí sóisialta troid ar son a cuid páistí agus iad a chosaint óna n-athair (“to fight for her children and protect them from their father”). Nuair a d'éag Bean McK, tugadh comhchoimeád agus caomhnóireacht na bpáistí do M agus dá fear céile B (a déag ó shin) in éineacht leis an iarrthóir. Tá M den bharúil gur cheadaigh an Chúirt na cearta caomhnóireachta a bheith ag an iarrthóir fós chun a chinntiú gur chomhlíon sé a chuid dualgas tuismíochta, lena n-áirítear cothabháil.

Dúirt M nach bhfuil gnáthghaol ag iníon McK lena hathair, nár chónaigh sí leis ó 1992 agus nár bhain sé feidhm iomlán as a chearta rochtana. Tá maoirseacht déanta ar saorhead an iarrthóra ar a iníon ó bhí sí ceithre bhliain d'aois. De réir iníon McK, tá sé ann i gcónaí chun í a chiapadh (“always there to torment her”). Rinne M tagairt do chuairt gan mhaoirseacht a thug an t-iarrthóir ar iníon McK nuair a bhí sí san ospidéal i 2000. Dúirt sí nach raibh aon rud cearr leis an méid seo de réir an iarrthóra os rud é nach bhfuil aon cheo a dhéanann sé cearr dar leis (“he never sees anything he does as wrong”). Bhí an chuairt gan mhaoirseacht a thug sé ina bhriseadh ar ordú na cúirte dar le M.

Dúirt M gur thug Síceolaí Páistí le fios i 1999 gur bhraith iníon McK easpa sábháilteachta agus slándála le fireannaigh.

Chuir M síos ar iníon McK mar dhuine líofa agus in ann nithe a fheiceáil go soiléir. Dúirt sí go mbraitheann iníon McK ciaptha ag a hathair a bhíonn sa tóir uirthi i gcónaí (“tormented by her Dad who is always out to get her”). Luaigh sí roinnt samplaí d'iompar an iarrthóra san am a caitheadh a thug le fios, de réir M, gur bhéas leis rudaí a bhrú chomh mór agus ab fhéidir leis. Luaigh sí eachtraí freisin a thaispeáin dar léi gur chuir an t-iarrthóir díomá agus neamhchinnteacht ar iníon McK, rud a bhí, de réir M, thar a bheith goilliúnach.

Dúirt M nár labhair iníon McK lena hathair agus nach bhfaca sí é le breis agus dhá bhliain go leith anuas. Chonaic sí ar chuartheanna rochtana é babhta amháin in aghaidh na míosa go dtí go raibh sí 16 bliain d'aois. Dúirt M gur bhraith sí go raibh sé tábhachtach go dtéadh iníon McK ar chuartheanna rochtana ós rud é nár theastaigh uaithi go gcuirfí ina leith go raibh sí ag coimhthiú iníon McK óna hathair. Mar sin féin, dúirt M ó bhí iníon McK 16, tá meas aici (M) ar a mianta gan dul ar chuartheanna saorcheada chuig a hathair.

Rinne M tagairt dá barúil gur chuir an t-iarrthóir strus agus neamhchinnteacht d'iníon McK faoi cén scoil a ndéanfadh sí freastal uirthi. Dúirt M gur bhraith sí ag an am go raibh easpa slándála ar iníon McK agus tar éis na ndeacrachtaí a ndeachaigh sí tríd, lena n-áirítear tinneas agus bás a máthar, gur chiapadh gan ghá amach agus amach (“totally unnecessary torment”) é seo. Nocht M an tuairim go raibh an t-iarrthóir ionsaitheach go maith (“quite aggressive”) agus go mbaineann gné rialuithe (“controlling”) lena iompar.

Dúirt M go gcuireann sí i gcoinne a bheith ag scaoileadh na dtaifead ós rud é nach mbeadh seo chun leas iníon McK agus go dtéadh sé i bhfeidhm ar a cuid scolaíochta sa bhliain thar a bheith tábhachtach seo. Dúirt sí nach é an méid atá sna taifid atá tábhachtach – is éard atá tábhachtach gur taifid iníon McK iad. De réir M, braitheann iníon McK nach bhfuil bealach ar bith chun éalú óna hathair agus go dtagann gach uile rud uaidh le coinníoll (“comes with a catch”) – níl aon rud gan choinníoll. Dúirt M go nglacann sí le tuairimí iníon McK go huile is go hiomlán. Dúirt sí go bhfuil bunús láidir le tuairimí iníon McK; tá an taithí a bhí aici lena hathair diúltach agus rialaitheach.

D’inis M do m’Oifig gur labhair iníon McK léi faoi chuimhní cinn a bhí aici faoina hóige. Dúirt M gur choinnigh máthair iníon McK dialann ag an am agus go raibh údar aici leis an méid a chuir sí sna dialanna seo. Thug M le fios gur theastaigh uaithi na dialanna seo a chur ar fáil ar mhaithe leis an athbhreithniú seo. Ní raibh cóipeanna de na hiontrálacha dialann seo aici nuair a chuir sí a cuid aighneachtaí isteach. Mar sin féin, shocraigh sí go gcuirfí cóipeanna ar aghaidh go dtí m’Oifig. Tá na cáipéisí atá i gceist déanta suas de nótaí agus litreacha scríofa de lámh a bhfuil dátaí éagsúla idir 1992 agus 1996 orthu. Fillim orthu seo arís agus an bhaint le hábhar na haighneachtaí seo i dtoabh mo chuid torthaí á plé agam.

An tOspidéal

Ina aighneacht go dtí m’Oifig, dúirt an tOspidéal, tar éis dó athbhreithniú a dhéanamh ar na taifid ina sheilbh, forálacha Achtanna an FOI agus na rialacháin a rinneadh faoi alt 28(6) agus cinneadh na Cúirte Uachtaraí sa chás seo, go gcuireann sé i gcoinne nochtadh na dtaifead don iarrthóir. Dúirt sé gur thuig sé i gcónaí (“has at all times been aware”) go raibh iníon McK i gcoinne a bheith scaoileadh na dtaifead dá hathair. Dúirt an tOspidéal gur chas sé le hiníon McK i Samhain 2000 agus go bhfuair sé amach gur chuir sí go mór i gcoinne nochtadh a taifead ospidéil. Nocht an tOspidéal an tuairim go dtacaíonn cinneadh na Cúirte Uachtaraí lena sheasamh féin go mbeidh tuairimí iníon McK an-ábharach (“very relevant”) anois ós rud é gur gearr go mbeidh sí 18 mbliana d’aois.

Agus aghaidh á tabhairt aige ar an gceist an bhfuil fianaise ann a dhéanann frísnéis ar an toimhde go mbeadh nochtadh taifead leighis a iníne don iarrthóir chun leas iníon McK, dúirt an tOspidéal gur cheart é seo a mheas de réir cad é leas iníon McK faoi láthair seachas nuair a rinneadh an t-iarratas ar dtús. Tharraing sé aird ar Alt 23(1) d’Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in Aghaidh an Duine, 1997. Dúirt an tOspidéal go raibh sé sásta dá mbeadh iníon McK chun cóireáil san Ospidéal a iarraidh, go bhfuil d’inniúlacht dhlíthiúil aici an chóireáil seo a thoiliú. Dá réir sin, rinne an tOspidéal an argóint gur cosúil go leantar uaidh seo nach foláir nó tá d’inniúlacht ag iníon McK freisin cinneadh a dhéanamh faoi nochtadh a taifead leighis. Is é tuairim an Ospidéil, ós rud é go bhfuil iníon McK freagrach go dlíthiúil as a cuid cóireála leighis féin a thoiliú, nach bhfuil gá a cuid taifead a nochtadh dá hathair chun a chur ar a chumas feidhmiú chun a leasa (“to enable him to act in her best interests”).

Dar leis an Ospidéal, de réir aois iníon McK agus na tábhachta a chuir an Chúirt Uachtarach agus an tOspidéal ar a mianta, go raibh sé cuí na forálacha a bhaineann le halt 26(1)(a) den Acht FOI a mheas. Bhí an tOspidéal sásta gur tugadh an fhaisnéis sna taifid leighis i modh tostaobhach dó. Dúirt sé freisin gur chosúil go ndéanfadh nochtadh na faisnéise sin dochar do bheith ag tabhairt faisnéise den chineál céanna don Ospidéal ós rud é go mbainfeadh sé an bonn den phrionsabal a bhaineann le tostaobhacht leighis a mhaireann idir dochtúir agus othar

agus idir othar agus ospidéal.

Dúirt sé, ós rud é go bhfuil d'inniúlacht ag iníon McK cóireáil leighis a thoiliú, go bhfuil an tOspidéal sásta go bhfuil dualgas coibhneasta air tostaobhacht na dtaifead a bhaineann leis an gcóireáil a fuair sí a choinneáil. I dtuairim an Ospidéil, síltear go bhfuil sé loighiciúil má tá inniúlacht ag mionaoiseach os cionn aois 16 a leas maidir le cóireáil leighis a shocrú, gur féidir an t-aitheantas céanna a thabhairt do mhianta an mhionaoisigh sin maidir le nochtadh a taifead leighis. Ar an mbunús seo, dúirt an tOspidéal gurbh leor mianta iníon McK mar fhianaise chun an toimhde go bhfuil sé chun a leasa a cuid taifid leighis a scaoileadh dá hathair a fhrisnéis.

Thug an tOspidéal faoi deara go gcuireann comhchaomhnóir iníon McK, M, i gcoinne a bheith ag nochtadh na dtaifead leighis don iarrthóir. Dúirt an tOspidéal gur chas sé le M i Samhain 2000 chun a cuid tuairimí a phlé.

Réamhábhar

Ina chuid aighneachtaí, tá roinnt pointí déanta ag an iarrthóir faoi stiúradh an athbhreithnithe gur mian liom aghaidh a thabhairt orthu ag an tráth seo.

Nádúr an Athbhreithnithe

Tá an argóint déanta ag an iarrthóir gur cheart go mbeadh aird agam ar an seasamh mar a bhí ag dáta a iarratais, is é sin an 17 Eanáir 2000. Deir sé dá scaoilfí na taifid chuige anois nach n-athraíonn sé seo an seasamh a bheadh ag Iníon McK dá scaoilfí in Eanáir 2000 iad...nuair a bhí Iníon McK dhá bhliain déag d'aois (“this does not change the position that Ms McK would have enjoyed had they been released in January 2000 ...when Ms McK was twelve years old”). Tá meas déanta agam an féidir an t-athbhreithniú a theorannú chun breathnú ar na cúinsí ag an am sin.

Tá sé mar chleachtadh agam agus na daoine a bhí ann romham cinntí athbhreithnithe a bhunú ar na cúinsí agus an dlí de réir mar atá ag am an chinnte. Dhealródh go bhfuair an dearcadh seo tacaíocht i mbreithiúnas na hArd-Chúirte a tugadh ar an 31 Iúil 2001 sa chás Minister for Education and Science v Information Commissioner (1999 Uimh.99 MCA) áit a ndúirt an Breitheamh Ó Caoimh, agus tuairim á nochtadh aige faoi nádúr an athbhreithnithe faoi alt 34 d'Acht FOI, “*importance must be attached to the fact that the nature of the appeal agreed between the parties arising under Section 34 of the Act is by way of a hearing de novo by the Information Commissioner*” agus “*the decision that was to be made by the Information Commissioner in light of the appeals taken to him were to be made in light of the facts and circumstances applying at the date of the review by him and not those facts and circumstances pertaining on the date of the original decision*”. De réir mar a thuigim, ba é an bunús a bhí leis an ngné seo de chinneadh an Bhreithimh Ó Caoimh ná nach cearta dílsithe (“vested”) na cearta faoi Acht FOI go dtí go mbíonn an próiseas FOI críochnaithe ina iomláine, lena n-áirítear críochnú phróiseas an athbhreithnithe (nuair is gá) ag m'Oifig, agus nach n-áirítear leis an dearcadh seo briseadh aon cheart dílsithe (“vested”). Ina theannta sin, thug an Breitheamh Ó Caoimh tacaíocht don tuairim nach ionann próiseas an athbhreithnithe a rinne m'Oifig agus riarachán dlí agus cirt (“administration of justice”).

Fiú mura mbeadh an seasamh thuas i gceist go ginearálta, tugaim faoi deara go bhfuil an

t-athbhreithniú seo ar siúl de bhun Ordaithe de chuid na Cúirte Uachtaraí. Is léir dom féin go ndearnadh an breithiúnas ar an mbunús nach mór dom aird a thabhairt ar chúinsí uile an cháis faoi mar atá siad i 2006. Tugaim faoi deara go mór mór go ndúirt an Chúirt Uachtarach gurbh fhachtóir inaiféala é *an imeacht ama nach beag ó d'iarr an t-iarrthóir an fhaisnéis seo i 2000* (“*the considerable elapse of time since the requester sought this information in 2000*”) agus *go mbaineann an imeacht ama le hábhar go mór mór nuair a bhíonn páiste mionaoisigh i gceist* (“[t]he elapse of time has special relevance where a minor child is involved .”). Rinne an Chúirt tagairt don fhíric gur *sé bhliain ar aghaidh tá 18 mbliain slánaithe aici* (“[s] ix years later she is in her 18th year”) agus dúirt sí *go bhfuil [a cuid] tuairimí an-ábharach anois* (“[her] views now are very relevant”). Glacaim leis uaidh seo nach féidir liom meas a dhéanamh ar an gcás díreach de réir na gcúinsí a bhí i réim sa bhliain 2000 amháin.

Tuairisc na dTaifead

D'iarr an t-iarrthóir ar m'Oifig sceideal a sholáthar dó ina raibh tuairisc ar gach aon taifead go hindibhiúil, ag sonrú arbh thaifead leighis nó eile é agus ag cur in iúl cén fáth go bhfuil sé á scaoileadh nó á shiarchoinneáil. Ní riachtanas é a leithéid de sceideal a sholáthar de réir an Achta FOI ach moltar mar dhea-chleachtas go n-ullmhóidh comhlachtaí poiblí a leithéid de sceidil, go mór mór nuair a bhíonn líon mór taifead i gceist nuair a choimeádtar na taifid i gcomhaid éagsúla. Níor chuir an tOspidéal sceideal ar fáil sa chás seo. Tugtar tuairisc ar na taifid thuas faoi “Scóip Athbhreithnithe”. Cuimsítear iontu aon chomhad amháin de thaifid leighis a bhaineann le hIníon McK agus chuir an tOspidéal na huimhreacha 7-39 orthu. Is eol don iarrthóir go gcuimsítear i dtaifid 1-6, a rinneadh iad a scaoileadh chuige, taifid leighis a mhic.

Cé go bhféadadh sé a bheith cuí i gcásanna áirithe glacadh le comhad leighis othair mar aon taifead ilchodach amháin, níor tharla seo sa chás seo. Rinneadh soiléir don iarrthóir sa chinneadh athbhreithnithe a bhí ann ar dtús, sna himeachtaí cúirte ina dhiaidh sin agus le linn an athbhreithnithe seo gur taifid leighis iad na taifid ar fad agus go mbaineann siad uile le glacadh Iníon McK san ospidéal in Eanáir 2000. Sainaitníodh agus rinneadh iniúchadh nach beag ar an díolúine áirithe a luaitear sa chinneadh a rinne m'Oifig ar dtús agus ar baineadh feidhm aiste maidir leis na taifid uile (alt 28) sna himeachtaí cúirte. Chomh maith leis sin, cuireadh in iúl don iarrthóir go bhfuil tagairtí dó féin agus do thríú páirtithe i roinnt de na taifid agus go n-áirítear leo taifid faoi glacadh, toiliú, fáithmheas agus cóireáil. Déantar iniúchadh ar thaifid áirithe a dhéanann tagairt do thríú páirtithe níos déanaí i mo chinneadh. Dá réir sin, is é mo thuairim go ndearnadh dóthain sainaitheantais ar líon agus nádúr na dtaifead ar mhaithe leis an athbhreithniú seo agus ní dóigh liom gur gá tuairisc breise a sholáthar i bhfoirm sceidil. Maidir leis seo, aontaím le tuairim iníon Dolan (ball de m'fhoireann) de réir mar a cuireadh in iúl don iarrthóir í ar an 27 Márta 2006 go bhféadfadh go sáródh soláthar breis sonruithe faoi gach taifead alt 43(3) d'Acht FOI a dhéanann foráil nach mór réamhchúram réasúnta a ghlacadh chun nochtadh faisnéise a chosc i dtaifead díolmhaithe agus gan faisnéis a nochtadh a mhaíonn comhlacht poiblí nó páirtí eile a bheith i dtaifead díolmhaithe chun ceart an pháirtí sin chun achomharc a chur go dtí an Ard-Chúirt a chaomhnú.

Moill

Glacaim leis go hiomlán agus tá maitheamh iarrtha agam don iarrthóir as an earráid dlí sa chinneadh athbhreithnithe a rinneadh ar dtús ar an 12 Lúnasa 2002. Aithním, mar a mhínigh an Chúirt Uachtarach, gur chruthaigh an imeacht ama nach beag ó d'iarr an t-iarrthóir rochtain ar na taifid iarmhairtí tromchúiseacha. Mar sin féin, obaim go hiomlán líomhaintí an

iarrthóra a beith gan bhunús ar chor ar bith gur tharla an moille ó rinne sé a iarratas i dtosach i 2000 de bharr straitéise d'aon turas (“deliberate strategy”) ag m’Oifig. Tugaim faoi deara, i gcomhrá gutháin leis an Uasal Fintan Butler ó m’Oifig ar an 17 Eanáir 2003 agus i litir de mo chuid go dtí an t-iarrthóir ar an 3 Márta 2004, gur míníodh gur cuireadh meas ar na hiarratais athbhreithnithe a bhí fós gan réiteach ar fionraí ag feitheamh ar thoradh an achomhairc go dtí an Ard-Chúirt sa chás áirithe seo.

Teagmháil le hIníon McK

I gcomhrá gutháin le ball d’fhoireann m’Oifige ar an 15 Aibreáin 2002 le linn an athbhreithnithe a bhí ann ar dtús, agus i litreacha dar dátaí an 14 Samhain 2002 agus an 3 Feabhra 2003 i ndáil lena iarratais athbhreithnithe eile, nocht an t-iarrthóir an tuairim go raibh iarracht ar bith chun tuairimí a pháistí faoin ábhar a aimsiú mí-úsáideach ann féin de réir mar a shainmhínítear i dtreoirlínte náisiúnta faoi Chosaint agus Leas Páistí (“in itself abusive as defined by the national guidelines for the Protection and Welfare of Children”). Chun an fhírinn a rá, go dtí am an athbhreithnithe nua seo, ní raibh aon teagmháil ag m’Oifig le hIníon McK. Maidir leis seo, creidim gur ceadaíodh an teagmháil a rinne m’Oifig le hIníon McK le gairid ag an gCúirt Uachtarach nuair a rinne sí cinneadh, de réir chúinsí an cháis agus ós rud é go bhfuil sí beagnach 18 mbliain d’aois, go bhfuil tuairimí Iníon McK *an-ábharach anois* (“*now are very relevant*”) agus tharchuir sí an t-ábhar chugam chun go ndéanfaí *athmheas ar an gcás de réir na tástála cuí agus cúinsí an cháis* (“*to enable the matter to be reconsidered in accordance with the correct test and the circumstances of the case*”). Chomh maith leis sin, rinne an Chúirt Uachtarach cinneadh *...agus na cúinsí á meas, tá a leas féin ardcheannasach* (“*... in considering the circumstances, her welfare is paramount*”).

Measaim go mbeadh sé dodhéanta ag m’Oifig an t-athbhreithniú a stiúradh de réir na dtéarmaí i mbreithiúnas na Cúirte Uachtaraí gan teagmháil a dhéanamh le hIníon McK agus éisteacht lena tuairimí. Chuir m’Oifig in iúl don iarrthóir i litreacha dar dátaí an 2 Feabhra 2006 agus an 10 Feabhra 2006 go raibh sé i gceist againn teagmháil a dhéanamh le hIníon McK agus thug m’oifig faisnéis freisin dá comhchaomhnóir, M, faoi na socrúithe freisin. Agus aird á tabhairt ar an am teoranta atá ann sula mbíonn lán-aois aici, níor shíl mé gurbh fhéidir éisteacht le tuairimí Iníon McK a iarchur. I gcaitheamh na faide, rinne m’fhoireann iarracht chun Iníon McK a éascú ar mhodh atá i gcomhréir lena leas agus lena caoithiúlacht. Glacaim leis gur mór an trua go bhfuil an t-athbhreithniú le socrú sa tréimhse díreach roimh scrúduithe Ardteistiméireachta Iníon McK. Mar sin féin, coinníodh an méid teagmhála a rinne m’Oifig trí chomhfheagracht, guthán nó casadh le chéile ag an leibhéal ab ísle agus ab fhéidir ionas nach ngoillfí uirthi go míchuí ná nach gcuirfí isteach ar a cuid staidéir. Tugadh comhairle d’Iníon McK go bhféadadh go dteastódh uaithi comhairle a fháil uaidh lucht comhairle dlí nó eile nó socrú a dhéanamh go mbeadh duine éigin ina teannta dá roghnódh sí aighneacht bhéil a dhéanamh. Dúirt sí, áfach, go raibh sí compórdach casadh le m’fhoireann gan duine eile ina teannta.

Thug an t-iarrthóir le fios go mbeadh sé ag tabhairt freagra ar thuairimí Iníon McK de réir mar a chuir m’Oifig féin in iúl dó iad. Mar sin féin, níl freagra dá leithéid sna haighneachtaí a fuarthas uaidh go dtí seo.

Inghlacthacht aighneachtaí an Ospidéil

D’iarr an t-iarrthóir go dtabharfainn neamhaird ar aighneachtaí an Ospidéil ar an mbunús go raibh cosc air baint a bheith aige leis an bpróiseas seo mar gur chlis air freagra a thabhairt ar an iarratas a bhí aige ar dtús sa tréimhse a shonraítear in Acht FOI. Mhínigh m’Oifig don

iarrthóir cén fáth nach mbeinn in ann comhaontú lena leithéid d'iarratas. Maidir leis na fáthanna chun aighneachtaí an Ospidéal a chur san áireamh, tagaim leis an míniúchán a tugadh don iarrthóir i litreacha iníon Dolan ar an 21 Feabhra 2006 agus ar an 27 Márta 2006. Mhínigh sí go bhfuil an t-athbhreithniú úr atá le stiúradh, tar éis don Chúirt Uachtarach an cás a tharchur, le stiúradh faoi Achtanna FOI agus go bhfuil orm faoi alt 34(6) d'Acht FOI faisnéis a thabhairt do cheannaire an chomhlachta phoiblí atá i gceist faoin athbhreithniú. Lena chois sin, déanann alt 34(8) den Acht foráil gur féidir leis an Ospidéal aighneachtaí a dhéanamh maidir le haon ábhar eile a bhaineann leis an athbhreithniú agus iarrann sé orm a leithéid d'aighneachtaí a chur san áireamh. Dá bhrí sin, measaim gur iarradh aighneachtaí ón Ospidéal go cuí agus go bhfuil siad os mo chomhair amach go bailí. Tugaim faoi deara go raibh tugtha le fios ag an iarrthóir go nglacfadh sé le comhairle dhlíthiúil faoin ábhar seo, gur chuir m'Oifig in iúl dó ar an 27 Márta 2006 agus ar an 3 Aibreán 2006 nach gcuirfí próiseas an athbhreithnithe ar fionraí go héiginnte agus nach bhfuarthas aighneachtaí mar fhreagra ar thuairimí an Ospidéal uaidh féin go dtí seo.

Leasú taifid

Ina aighneacht dar dáta an 24 Márta 2006, rinne an t-iarrthóir tagairt do thaifead áirithe a ndúirt sé go bhfaca sé, nuair a thug sé cuairt ar Iníon McK san ospidéal, lena n-áirítear tagairt do thríú páirtí. Dhaingnigh m'Oifig don iarrthóir go raibh a cheart rochtain a bheith aige ar an taifead seo i measc na n-ábhar laistigh de scóip m'athbhreithnithe. Rinne an t-iarrthóir líomhaint, áfach, go raibh iontráil sa taifead sin mícheart agus míthreorach. D'fhéach sé lena cheart a fheidhmiú go ndéanfaí an taifead seo a leasú faoi alt 17 d'Acht FOI agus cuireadh in iúl dó ag m'Oifig go raibh saorthoil aige a leithéid d'iarratas a dhéanamh don Ospidéal.

Maíonn an t-iarrthóir nár cheart go mbeifí ag súil go bhféadfadh sé iarratas a dhéanamh chun taifead a leasú nuair nach bhfuil rochtain aige ar an taifead sin. Pléim an pointe seo arís sa chinneadh seo agus faisnéis tríú páirtithe (“third party”) sna taifid á hiniúchadh agam. Táim sásta nach bhfuil ceist an bhfuil gá an taifead áirithe seo a leasú faoi alt 17(1) d'Acht FOI ós mo chomhair san athbhreithniú seo.

Iarratas le haghaidh Costas

Chuir an t-iarrthóir iarratas go dtí m'Oifig faoi alt 37(5) d'Acht FOI le haghaidh costas a tháinig air agus le haghaidh cúitimh le haghaidh an ama a chaill sé de bharr faid phróiseas an athbhreithnithe. Tá meas déanta ar an iarratas seo agam agus tá beartaithe agam nach bhfuil mé in ann géilleadh dó.

Déanann alt 37(5) foráil “*gur féidir leis an gCoimisinéir, más cuí leis nó léi, duine ar bith a íoc a dhéanann, ar mhaithe le hathbhreithniú faoi alt 34, nó iniúchadh faoi alt 36, freastal i láthair an Choimisinéara nó a sholáthraíonn faisnéis nó taifead nó rud eile dó nó di -*

(a) suimeanna maidir le costais thaistil agus mhaireachtála a thabhaigh an duine go cuí, agus

(b) liúntais mar chúiteamh as a chuid ama nó a cuid ama a cailleadh, ina mbeidh cibé méid a chinnfidh an tAire.”

Cheapainn go mbeadh a leithéid d'íocaíochtaí i gceist nuair a iarraim ar dhuine de bhun ailt 37(1) d'Acht FOI freastal a dhéanamh ar m'Oifig agus/nó ábhar a sholáthar dom ar mhaithe le hathbhreithniú. Níor éirigh aon riachtanas den chineál sin sa chás seo. Fiú dá measainn go mbeadh sé cuí treorú a thabhairt go ndéanfaí an t-iarrthóir a íoc, tugaim faoi deara nach bhfuil

aon chinneadh déanta ag an Aire Airgeadais faoi shuim na n-íocaíochtaí sin de réir mar a iarrtar faoin Acht.

Torthaí

Alt 28 – Faisnéis Phearsanta

Forálacha reachtaíocha

Déanann alt 28(1) d'Acht FOI fóráil:

“28(1) Faoi réir fhorálacha an ailt seo, diúltóidh ceann géilleadh d'iarraidh faoi alt 7 más é tuairim an chinn, go nochtfaí faisnéis phearsanta dá dtabharfaí rochtain ar an taifead áirithe ...” .

Mar sin féin, tá roinnt eisceachtaí don toirmeasc seo in alt 28, agus baineann ceann amháin acu go mór leis an gcás seo. Déanann alt 28(6) fóráil:

“28(6) D'ainneoin fho-alt (1), féadfaidh an tAire a fhoráil le rialacháin maidir le géilleadh d'iarraidh faoi alt 7 más rud é:- (a) gur duine d'aicme a shonraítear sna rialacháin an duine aonair lena mbaineann an taifead atá i gceist agus gur tuismitheoir nó caomhnóir an duine aonair an t-iarrthóir...”.

Déanann alt 3(1) de Rialacháin 1999*:

“ 3.(1) Notwithstanding section 28(1), a request under section 7 in relation to a record access to which involves the disclosure of personal information (including personal information relating to a deceased individual) shall, subject to the other provisions of the

Freedom of Information Act, 1997, be granted where:

(a) the requester is a parent or guardian of the individual to whom the record concerned relates and that individual belongs to one of the following classes of individual:

(i) individuals who, on the date of the request, have not attained full age (within the meaning of the Age of Majority Act, 1985 (No. 2 of 1985)), or

(ii) individuals who have attained full age (within the meaning aforesaid), who at the time of the request have a mental condition or mental incapacity or severe physical disability, the incidence and nature of which is certified by a registered medical practitioner and who, by reason thereof, are incapable of exercising their rights under the Act,

being individuals specified in clauses (i) and (ii) access to whose records

would, in the opinion of the head having regard to all the circumstances and to any guidelines drawn up and published by the Minister, be in their best interests, or ...”.

Chomh maith leis sin, d'fhéadadh eisceachtaí eile ábharthacha d'fhorálacha ailt 28(1) a bheith ann, cé nach dtugtar aghaidh orthu go sonrach sna himeachtaí cúirte, ba cheart iad a mheas i

gcúinsí an cháis seo. Déanann alt 28(2) foráil nach mbíonn alt 28(1) i gceist más rud é -

“(b) ...má thoilíonn aon duine aonair a mbaineann an fhaisnéis leo...go nochtar í don iarrthóir” nó

(e) is gá an fhaisnéis a nochtadh d’fhonn contúirt thromchúiseach do bheatha agus shláinte an duine aonair atá ar tí a tharlú a sheachaint”.

Déanann alt 28(5) foráil le haghaidh dhá fhorais faoina gcuirtear gnáthchosaint le haghaidh faisnéise pearsanta ar ceal, sa chéad áit, de réir leas an phobail agus sa dara háit, nuair a bheidh scaoileadh na faisnéise pearsanta chun tairbhe an duine a mbaineann sí leis. Tá alt 28(5) mar seo a leanas:

“I gcás gurb é tuairim an chinn lena mbaineann, maidir le hiarraidh faoi alt 7, a ndiúltófaí géillidh di faoi fho-alt (1), murach an fo-alt seo -

(a) gur tábhachtaí, tríd is tríd, leas an phobail go ngéillfí don iarraidh ná leas an phobail go gcosnófaí ceartpríobháideachta an duine aonair lena mbaineann an fhaisnéis, nó

(b) go rachadh sé chun tairbhe don duine aonair réamhráite, tríd is tríd, dá ngéillfí don iarraidh,

féadfaidh an ceann, faoi réir alt 29, géilleadh don iarraidh.”

Mar fhocal scoir, baineann sé le hábhar go ndéanann Alt 28(5B) foráil:

“Notwithstanding paragraph (a) of subsection (2), a head shall, subject to subsections (b) to (e) of that subsection and subsections (5) and (6), refuse to grant a request under section 7 if, in the opinion of the head, access to the record concerned would, in addition to involving the disclosure of personal information relating to the requester, also involve the disclosure of personal information relating to an individual or individuals other than the requester.”

Anailís

Ar an gcéad dul síos, déanaim cinneadh mar ábhar fíorais (i) nach mbaineann aon cheann de na taifid leis an iarrthóir amháin, (ii) go bhfuil faisnéis faoi Iníon McK sna taifid uile agus go bhfuil roinnt acu ina bhfuil faisnéis phearsanta faoin iarrthóir, a bhfuil dlúthbhaint dofhuascailte aici acu leis an bhfaisnéis faoina iníon. Tá tagairtí do thríú páirtithe i roinnt de na taifid; déantar mion-iniúchadh ar an bhfaisnéis seo níos déanaí sa chuid seo de mo chinneadh.

Alt 28(6) agus leas (“best interests”) mionaoisigh

Déanann alt 3(1) de Rialacháin 1999 foráil go ngéillfear rochtain ar thaifid ina bhfuil an fhaisnéis phearsanta a bhaineann le mionaoiseach do thuismitheoir nó do chaomhnóir an duine aonair sin nuair a bheadh rochtain i dtuairim an chinn agus aird á tabhairt ar na cúinsí ar fad agus ar aon threoirilínte a rinneadh agus a foilsíodh ag an Aire, chun a leasa (“would, in the opinion of the head having regard to all the circumstances and to any guidelines drawn up and published by the Minister, be in their best interests”).

Tugaim faoi deara nach sainmhínítear nó nach soiléirítear an téarma leas (“best interests”) in FOI ná i reachtaíocht eile.

Thacaigh an Chúirt Uachtarach le cinneadh na hArd-Chúirte go ndearna m’oifig earráid sa chinneadh a bhí ann roimhe sin nuair a bheartaigh siad nach ndéanfaí scaoileadh na dtaifead a threorú nuair a bheadh fianaise inlámhsithe ann go mbeadh a leithéid de scaoileadh chun leas an mhionaoisigh atá mar ábhar do na taifid. De réir chinneadh na Cúirte Uachtaraí, tá mé chun forálacha Acht FOI a chur i bhfeidhm ar an mbunús go ndéantar toimhde go bhfuil an t-iarrthóir, mar thuismitheoir, ag smaoineamh ar leas a pháiste, a bheith ag feidhmiú chun leas an pháiste agus, dá réir sin, a bheith i dteideal rochtain ar thaifid ina bhfuil faisnéis leighis d’fhonn a cheart bunreachtúla agus dualgais mar thuismitheoir agus mar chaomhnóir a fheidhmiú maidir le cúram leighis an pháiste.

Déanaim tagairt do thuairimí Denham J i mbreithiúnas na Cúirte Uachtaraí sa chás seo – “*As it is so quintessentially a matter arising in family law it may be that it is a matter more appropriately considered in a Family Law Court. However, this matter proceeded under the Act of 1997 procedures.*” Tá líomhaintí tromchúiseacha déanta ag na páirtithe agus ceisteanna tógtha acu faoi rochtain ar na páistí atá i gceist agus faoina gcoimhthiú mar a déantar líomhaint. Measaim gur cheart dom a dhéanamh soiléir nach mbaineann na ceisteanna seo le hábhar m’athbhreithnithe ach sa mhéid go bhféadadh siad a bheith ina bhfachtóirí le cur san áireamh agus meas á dhéanamh an bhfuil fhianaise ann chun an toimhde go mbeadh scaoileadh taifead leighis a iníne don iarrthóir chun a leasa a fhrisnéis. Tógaim an seans seo chun an phointe tosaigh a bhí agam san athbhreithniú seo a rá arís, gur admháil é an athbhreithniú seo de na cearta bunreachtúla atá ag an iarrthóir mar thuismitheoir agus an príomhacht mar thuismitheoir (“parental primacy”) a bhfuil teacht ag an iarrthóir air i ndáil le rochtain a bheith aige ar thaifead a bhfuil faisnéis leighis faoina iníon iontu.

Is léir ó chinneadh na Cúirte Uachtaraí go go bhfuil sé an-ábharthach gur gearr go mbeidh lán-aois ag Iníon McK. Cé is moite d’aon fhianaise eile a tugadh a d’fhéadadh a bheith in ann cur as don toimhde go bhfuil an t-iarrthóir i dteideal rochtain a bheith aige ar thaifid leighis a iníne, ní mór mianta, dearcadh agus tuairimí Iníon McK í féin a mheas go cúramach agus go mion.

Chas triúr ball de chuid m’fhoirne le hIníon McK agus tá a lán de mo chonclúidí bunaithe ar fhianaise dhíreach a chuir sí féin ar fáil. San agallamh a bhí ag m’fhoireann le hIníon McK díriodh go heisiach ar ábhar an athbhreithnithe.

Ag eascairt as aighneachtaí Iníon McK agus as an gcuinníú a bhí aici le m’fhoireann, is iad seo a leanas na cinní fíoraí a rinne mise a bheith ag baint leis an ábhar nach mór dom cinneadh a dhéanamh faoi.

- Tá Iníon McK in aois agus in aibíocht nuair is cuí a mianta féin a chur san áireamh.
- Tá a cuid tuairimí an-shoiléir agus daingean. Tá a mianta bunaithe ar thuairimí a chum sí go neamhspleách.
- Ní dhéanann sí aon idirdhealú idir aon cheann de na taifid atá i gceist ná idir aon fhaisnéis iontu; baineann a tuairimí leis na taifid ina n-iomláine seachas le haon mhír faisnéise áirithe.
- Ní raibh aon teagmháil dhíreach lena hathair aici le breis agus dhá bhliain go leith

anuas; measann sí aon teagmháil mar iarracht ag a hathair chun smacht a fheidhmiú uirthi. Dar léi go bhfuil an smacht (“control”) seo diúltach. Braitheann sí faoi imeagla ag a hathair agus tá eagla uirthi roimhe; creideann sí gur thug agus go dtugann a iompar strus gan ghá di.

- Creideann sí gur ionsaí uirthise iarrachtaí a hathar chun a cuid taifead leighis a fháil.
- Déanann sí nasc idir rochtain ar a taifid leighis ag a hathair agus ionradh ar a príobháideacht agus measann sí a leithéid de rochtain a bheith ag baint go príomha le faisnéis faoina colainn.
- Creideann sí nach mbeadh sé chun a leasa go mbeadh a taifid leighis ag a hathair: ní theastaíonn uaithi go mbeadh rochtain aige ar na taifid i gcúinsí ar bith.

Tá sé thar a bheith inaiféala go bhfuil an brochán doirte idir Iníon McK agus a hathair agus go bhfuil, de réir M, naimhdeas idir an t-iarrthóir agus comhchaomhnóir a pháistí. Mar sin féin, is léir go bhfuil sé lasmuigh de mo dhlínse aon tuairim a nochtadh faoi cheisteanna caomhnóireachta, coimeádta ná saoráide sa scéal seo nó cur i dtuiscint aon chinneadh a dhéanamh faoi na líomhaintí a rinneadh. In ionad sin, braithim go príomha ar an méid atá fionnta agam ó Iníon McK í féin maidir le conas a fheiceann sí an cás faoi *vis à vis* scaoileadh na dtaifead dá hathair.

Tá cuid d’fhianaise M ábharthach sa mhéid is go dtarraingíonn sí aird ar a cúram faoi leas agus sonas Iníon McK agus cuireann sí go mór i gcoinne aon rud a chuirfeadh isteach ar a dul chun cinn ar scoil agus ar a hullmhú le haghaidh scrúduithe na hArdteistiméireachta. Tríd is tríd, comhfhreagraíonn dearcadh M, mar a comhchaomhnóir agus an duine a bhfuil sí ina cónaí in éineacht leis, faoi conas a bhraitheann Iníon McK maidir le scaoileadh na dtaifead leighis dá hathair, le haighneacht Iníon McK féin. Cé nárbh leor ann féin agóid an chomhchaomhnóra faoi scaoileadh na dtaifead chun an toimhde go bhfuil an t-iarrthóir ag feidhmiú chun leas a iníne a fhrisnéis, measaim tuairimí agus cúraimí M a bheith ionraic agus is léir dom, mar dhuine de chaomhnóirí dlíthiúla an mhionaoisigh, go gcreideann sí go bhfuil sí ag feidhmiú chun leas Iníon McK.

Luaigh mé níos túisce sa chinneadh seo gur sheol M cóipeanna de shleachta as cín lae, a dúirt sí a rinne Bean McK [ainm] nach maireann - máthair Iníon McK - chuig m’Oifig -. Tar éis dom meas a dhéanamh faoin ábhar de réir an athbhreithnithe agus cinneadh na hArd-Chúirte, tá an cinneadh déanta agam nach mbaineann na cáipéisí le m’iniúchadh an bhfuil fianaise ann a chuireadh an toimhde go bhfuil an t-iarrthóir i dteideal rochtain a bheith aige ar thaifid leighis a pháiste ar ceal. Tá mo chinneadh maidir leis seo bunaithe ar an bhfíric, ós rud é go mbaineann tuairimí Bean McK nach maireann leis an am a caitheadh, nach mbeadh sé cuí dom iad a chur san áireamh mar fhianaise sna cúinsí atá ann i láthair na huaire. Ar aon nós, agus aois agus aibíocht Iníon McK san áireamh, bhíothas in ann a cuid tuairimí féin a fhionnadh, rud a chiallaíonn nach gá dom tuairimíocht a dhéanamh cad é an dearcadh, má bhí dearcadh ar bith, a bheadh ag a máthair nach maireann. Dá bhrí sin, níl na cáipéisí seo curtha san áireamh agam.

Maidir le tuairimí an Ospidéal, tugaim faoi deara go ndúirt an tOspidéal i Samhain 2000 gur inis Iníon McK go raibh sí go mór i gcoinne scaoileadh a taifead leighis dá hathair. Is é an tuairim atá acu, sna cúinsí sin, nach mbeadh sé chun leas Iníon McK, rochtain ar na taifid a ghéilleadh faoi mar a d’iarr an t-iarrthóir. Mar chúlra, ba cheart dom a mhíniú anseo nár seasadh ar sheasamh Iníon McK, a chuir an tOspidéal in iúl do m’Oifig le linn an

athbhreithnithe a bhí ann roimhe seo, sa chinneadh a rinneadh ar dtús (a bhí mar ábhar achomhairc don Ard-Chúirt agus don Chúirt Uachtarach) ós rud é, ag an tráth sin, nár theastaigh ó Iníon McK go mbeadh fios a tuairimí faoin ábhar ag a hathair. Tá athrú tagtha ar an scéal ó shin sa mhéid agus gur chuir Iníon McK in iúl do m’Oifig nach bhfuil aon agóid aici maidir lena cuid tuairimí a bheith á gcur in iúl dá hathair.

Tá ceann de na fachtóirí a mbraitheann an tOspidéal air, ina argóint go bhfuil dóthain fianaise ann chun an toimhde go mbeadh scaoileadh na dtaifead don iarrthóir chun leas Iníon McK a fhrisnéis, bunaithe ar na forálacha in alt 23(1) den Acht um Chionta Neamh-Mharfacha in Aghaidh an Duine, 1997, a dhéanann foráil mar seo a leanas:

“23.(1) Beidh toiliú mionaoisigh, a bhfuil 16 bliana d’aois slánaithe aige nó aici le haon chóireáil mháinliachta, liachta nó déidliachta a bheadh, in éagmais toiliú, ina foghail ar a phearsa nó ar a pearsa, chomh héifeachtach céanna agus a bheadh sé dá mbeadh aois iomlán aige nó aici; agus i gcás go mbeadh, toiliú éifeachtach le haon chóireáil tugtha ag mionaoiseach de bhua an ailt seo, ní bheidh sé riachtanach aon toiliú leis an gcóireáil a fháil ó thuismitheoir ná ó chaomhnóir an mhionaoisigh.”

Deir an tOspidéal, dá n-iarrfadh Iníon McK cóireáil san Ospidéal, go bhfuil inniúlacht dhlíthiúil duine os cionn aois 16 bliana aici, chun toiliú a dhéanamh leis an gcóireáil sin gan a tuismitheoir ná a caomhnóir a bheith ag toiliú leis an gcóireáil. Aontaím leis gurb é seo, de réir cosúlachta, a sholáthraíonn an reachtaíocht. Glacaim leis go n-aithníonn an reachtaíocht inniúlacht mionaoisigh os cionn aois 16 bliain chun cinneadh a dhéanamh cad atá chun a leasa maidir le cóireáil leighis.

Déanann an tOspidéal aighneacht freisin, ós rud é go ndéanann alt 23(1) d’Acht 1997 foráil gurb í Iníon McK seachas a hathair a bheidh freagrach as aon chinntí maidir lena cúram sláinte faoi láthair agus sa toadhchá, nach gá a cuid taifid leighis a scaoileadh don iarrthóir chun a chur ar chumas [an iarrthóra] feidhmiú chun a leasa (“to enable [the requester] to act in her best interests”). Mar sin féin, measaim nach mór dom an argóint seo a láimhseáil le faichill. Ba é cinneadh na Cúirte Uachtaraí, mar iarmhairt ar na cearta agus na dualgais a dtugtar do thuismitheoir faoin mBunreacht agus an stádas speisialta ag an ngaol idir tuismitheoir agus páiste in Éirinn, go ndéantar toimhde go bhfuil tuismitheoir i dteideal faisnéise a fháil faoin gcóireáil leighis a fhaigheann a p(h)áiste chun a chur ar a c(h)umas cinntí a dhéanamh maidir le cúram an pháiste. Is é mo thuiscint féin ar an bpríomhacht mar thuismitheoir (“parental primacy”) atá ag iarrthóir ná nach gá go mbraitheann na toimhdí atá i gceist ar an gá rochtain a bheith ar na taifid leighis le cur ar chumas an athar feidhmiú chun leas a pháiste. I bhfocail eile, dealraíonn sé dom féin, sa chás áirithe seo, nár chuir an Chúirt Uachtarach tábhacht áirithe ar an méid a bhí sna taifid ná ar an bhfeidhm (“use”) a d’fhéadadh sé baint astu.

Dá bhrí sin, measaim go bhfuil an tAcht um Chionta Neamh-Mharfacha in Aghaidh an Duine, 1997 ábharthach i leith na gcúinsí nach mór dom cur san áireamh i mo chinneadh go príomha le haithéantas an Oireachtais d’inniúlacht mionaoisigh, a bhfuil aois 16 slánaithe acu, chun cinntí móra a dhéanamh maidir lena leas féin i dtaca le cóireáil leighis. Measaim gur fianaise eile é seo den tábhacht a bhaineann le tuairimí Iníon McK agus go dtugann sé le fios cén tábhacht a gcaithfidh mé a thabhairt don mhéid atá chun a leasa dar léi.

Ina chuid aighneachtaí, tá a bharúil curtha ar aghaidh ag an Ospidéal freisin mar gheall ar mhúinín ámar fhachtóir atá le meas mar pháirt de chúinsí an cháis seo. Déanaim tagairt dó seo de réir ailt 26 d'Acht FOI i mo chinneadh arís.

Agus tuairimí Iníon McK agus na cúinsí a luaitear thuas á measúnú agam, caithfidh mé meas ar chinneadh na gcúirteanna nach ionann agóid Iníon McK in aghaidh a bheith ag scaoileadh na dtairfead, fiú nuair a thacaítear le tuairimí M agus an Ospidéal í, agus frisnéis gur leor í chun cur as don toimhde faoi phríomhacht mar thuismitheoir (“parental primacy”) a shaináithin Hardiman J. in North Western Health Board v. HW. [2001] 3 I.R. 622. An rud nach mór dom a dhéanamh anois, de réir na Cúirte Uachtaraí a bheith ag tarchur an cháis chun athbhreithniú a dhéanamh air *de réir na tástála cirte agus i gcomhthéacs na gcúinsí uile* (“*in accordance with the correct test and in light of all the circumstances*”) ná meas a dhéanamh, an bhfuil fianaise ann, tríd is tríd, a léiríonn, i bhfioras agus sna cúinsí uile, nach mbeadh sé chun leas Iníon McK go ndéanfaí na tairfid a scaoileadh dá hathair - agus an cheist ardcheannasach, is é sin, leas an pháiste.

Conclúidí faoi Alt 28(6)

Tar éis dom an t-ábhar a mheas go cúramach, tá mé sásta, bunaithe ar an bhfioras a bunaíodh agus a luadh thuas, gur leor an fhianaise a thug Iníon McK arb ionann í agus a rá nach mbeadh scaoileadh a dtairfead leighis chun a leasa i gcúinsí uile an cháis seo chun an toimhde go mbeadh scaoileadh na dtairfead dá hathair chun a leasa a fhrisnéis.

Déanaim an cinneadh seo le haird ar aois agus aibíocht an mhionaoisigh atá i gceist agus na fáthanna áititheacha atá curtha ar aghaidh aici maidir lena tuairimí. Aithním gur cás neamhchoitianta agus deacair é seo agus nach féidir na toimhdí bunúsacha a fheidhmíonn i bhfábhar an iarrthóra a chur amach go héasca. Tá mé sásta gur fíor agus gur ionraic eagla agus fearg Iníon McK maidir leis a bhfeiceann sí mar iompar ceansaitheach a hathar di, chomh maith lena cúram faoi cheisteanna a bhaineann le príobháideachas pearsanta, cé acu go bhfuil bunús leis nó a mhalairt. Táim sásta freisin gur chruthaigh agus go gcruthaíonn an cheist ar cheart go mbeadh rochtain ag an iarrthóir ar thaifid leighis a bhaineann le glacadh san ospidéal i 2000 nuair a bhí Iníon McK 12 bhliain d'aois strus agus buaireamh as cuimse di. Agus sin á rá agam, glacaim leis go hiomlán nárbh é an iarrthóir ab údar leis an moille a bhí i gceist agus is oth liom go mór an earráid a rinne m'Oifig nuair a sheas sí leis an gcinneadh a rinneadh ar dtús inar baineadh úsáid as tástáil a fuaradh ó shin a bheith míbhunreachtúil. Agus leas Iníon McK ardcheannasach, tá mé áitithe ón bhfianaise gur chosúil go ndéanadh géilleadh rochtana ar na tairfid dá hathair ag an tráth seo dochar di maidir lena hoideachas agus lena mothúcháin. Déanaim cinneadh, sna cúinsí uile, nach mbeadh sé chun leas Iníon McK go gcuirfí na tairfid ar fáil don iarrthóir. Mar sin de, déanaim cinneadh fíorais nach mbaineann alt 28(6) leis an gcás seo chun an toirmeasc ar scaoileadh na dtairfead a chur ar ceál mar a ndéantar foráil lena aghaidh in alt 28(1) d'Acht FOI.

Eisceachtaí eile d'alt 28(1)

Tá líon teoranta eisceachtaí eile d'fhorálacha ailt 28(1) d'Acht FOI. Eisceacht amháin ná nuair a thoilíonn duine (nó daoine) a mbaineann an fhaisnéis leo go scaoilfí í, de réir mar a ndéantar foráil lena aghaidh in alt 28(2)(b) d'Acht FOI. Is léir nach bhfuil an fhoráil seo ábharthach sa chás seo. Tá foráil déanta faoi scaoileadh féideartha faisnéise pearsanta ag alt 28(5)(b) d'Acht FOI i gcás ina mbeadh scaoileadh na faisnéise chun tairbhe an duine aonair (“benefit the individual”) (Iníon McK, sa chás seo) a mbaineann sí leis. Tá sé ráite ag an iarrthóir go mbainfeadh a pháistí tairbhe as idirghníomh leis mar a dtuismitheoir. Mar sin

féin, níl aon fhianaise a thabharfadh le tuiscint go mbeadh de thoradh ag scaoileadh na dtaifead leighis go mbeadh breis teagmhála ag Iníon McK lena hathair. Tá meicníocht in Acht FOI freisin chun faisnéis phearsanta duine amháin a scaoileadh nuair is gá scaoileadh “*d’fhonn contúirt thromchúiseach do bheatha agus shláinte an duine aonair a sheachaint*” [alt 28(2)(e)]. Níl aon fhianaise agam a thacódh leis an tuairim go bhfuil feidhm ag alt 28(2)(e).

Alt 28(5)(a) –Leas an Phobail

Déanann alt 28(5)(a) foráil gur féidir taifead ina bhfuil faisnéis phearsanta a bhaineann le tríú páirtí a scaoileadh más rud é, tríd is tríd, gur tábhachtaí leas an phobail go ngéillfear an t-iarratas ná leas an phobail gur cheart an ceart príobháideachais an duine aonair a mbaineann an fhaisnéis leis a thacú.

Measaim gur féidir na fachtóirí a bhaineann le leas an phobail, i bhfábhar scaoileadh na faisnéise don iarrthóir, a chur síos mar seo a leanas sa chás seo:

- leas an phobail gur féidir le tuismitheoirí, agus aird á tabhairt ar a bpríomhachas de réir mar a aithnítear sa Bhunreacht, a gceart agus a ndualgais maidir lena bpáistí, a fheidhmiú;
- leas an phobail go mbíonn a fhios ag daoine conas a chomhlíonann comhlacht poiblí a chuid feidhmeanna agus
- leas an phobail go mbíonn a fhios ag daoine go bhfuil faisnéis mar gheall orthu i seilbh comhlachtaí poiblí cruinn.

Ar an láimh eile, aithníonn Acht FOI gur ceart láidir an ceart príobháideachais atá ag duine aonair agus go bhfuil sé chun leas an phobail go ndéantar an ceart seo a chosaint. Táim aireach faoi Theideal Fada Achta FOI a deir gurb é is cuspóir leis “dá chumasú do dhaoine rochtain a bheith acu, *a mhéid is féidir é i gcomhréir le leas an phobail agus leis an gceart chun príobháideachta ar* faisnéis atá i seilbh comhlachtaí poiblí. . . .” (liomsa an bhéim). Chomh maith leis sin, ós rud é go bhfuil aitheanta ag an gCúirt Uachtarach go mbaineann mianta mionaóisigh ina hochtú bliain déag le hábhar go mór agus, agus na cúinsí á meas, go bhfuil a leas fíorthábhachtach, glacaim leis nach mór meas go dian faoi thuairimí Iníon McK mar a tuairiscíodh thuas iad agus an neart a bhaineann leis an leasanna poiblí éagsúla á phlé. Táim sásta gur cás é seo go bhfuil leas an duine aonair atá i gceist amhlaidh nach díreach ceist faoi leasanna nó ceart príobháideacha é ach go mbaineann sé le prionsabail faoi leas an phobail. Cuireann aighneachtaí Iníon McK béim ar a mian go dtugtar meas dá príobháideachas. Tar éis dom an t-ábhar a mheas go cúramach, measaim gur tábhachtaí leas an phobail go ndéantar príobháideachas an duine aonair atá i gceist sa chás seo a chaomhnú ná leas an phobail a dhéanfaí dá scaoilfí na taifid don iarrthóir. Déanaim cinneadh, dá réir sin, nach bhfuil feidhm ag alt 28(5)(a) leis an gcás seo. Faoi mar a míníodh níos túisce sa chinneadh seo, tá mo chinneadh bunaithe go príomha ar an bhfianaise a thug Iníon McK nach mbeadh scaoileadh a taifead dá hathair chun a leasa.

Faisnéis phearsanta faoi dhaoine aonair seachas an t-iarrthóir agus Iníon McK

Mar a míníodh níos túisce sa chinneadh seo faoin gceannteideal “Scóip an Athbhreithnithe”, tá beartaithe agam iniúchadh a dhéanamh, faoi mar a d’iarr an t-iarrthóir orm, ar an scéal maidir le faisnéis a bhaineann le tríú páirtithe (“third party”) faoi mar a nochtann sí i roinnt de na taifid atá i gceist.

Dealraíonn sé ó aighneachtaí an iarrthóra go ndíospóideann sé an ionann tagairtí sna taifid do

dhaoine seachas é féin agus a iníon agus faisnéis phearsanta mar gheall ar na daoine eile sin. Le linn an athbhreithnithe rinne m’Oifig tagairt do chinneadh a rinne mo réamhtheachtaí (Cás Uimh. 99001 – Ms ACF and the North Eastern Health Board - tá téacs iomlán an chinnte ar www.oic.gov.ie) a leagann amach an seasamh go ginearálta maidir le comhfhaisnéis phearsanta (“joint personal information”). Déileáilim anseo go príomha le tuairim an iarrthóra nár chuir m’Oifig forálacha Acht FOI i bhfeidhm i gceart maidir le faisnéis tríú páirtithe (“joint personal information”).

Sainmhíonann alt 2(1) d’Acht FOI “faisnéis phearsanta” mar :

“... faisnéis faoi dhuine aonair inaitheanta -

(a) nach mbeadh ar eolas, go hoindiúil, ach amháin ag an duine aonair nó ag daoine de theaghlach an duine aonair, nó ag cairde an duine aonair, nó

(b) atá i seilbh comhlachta phoiblí ar an mbonn tuisceana go ndéileálfadh sé léi i modh tostaobhach,”

Tugann clásail (i) go (xii) d’alt 2(1) liosta de chatagóirí faisnéise gur féidir iad a mheas a bheith ina fhaisnéis phearsanta. Áirítear leis an liosta faisnéis a bhaineann le cúrsaí airgeadais, eolas leighis, eolas fostaíochta, aois, inscne, maoin, cúrsaí cánach an duine aonair agus tuairimí duine eile faoin duine aonair. Mar sin féin, ní mór do na catagóirí faisnéise seo riachtanais (a) nó (b) thuas a shásamh chun teacht leis an sainmhíniú d’fhaisnéis phearsanta san Acht.

Táim sásta ón inúchadh atá déanta agam ar na taifid go bhfuil faisnéis sna taifid seo a leanas gurb ionann í agus faisnéis phearsanta faoi mar a mhínítear in Acht FOI í, faoi dhaoine aonair seachas an t-iarrthóir agus a iníon:

Na taifid ar a bhfuil na huimhreacha 7, 14, 15, 16, 18, 19, 20, 27, 30, 37, 38 agus 39 orthu.

Ní bhfuair mé aon fhianaise a thacódh leis an tuairim a nocht an t-iarrthóir go bhféadadh sé go ndearna ainm aon tríú páirtithe nó aon ábhar céannaithe eile a chur isteach sna taifid seo d’aon turas chun go mbeadh na taifid saor ó scaoileadh. Tar éis do mhionaoiseach a ghlacadh san ospidéal, is é mo thuairim go bhfuil sé réasúnta toimhde a dhéanamh go mbeadh tagairtí do dhaoine fásta a bhfuil nasc acu leis an othar sna taifid a chruthódh an tOspidéal.

Is léir dom féin nuair a faightear a leithéid d’fhaisnéis phearsanta sna taifid seo go n-eascraíonn sí i gcomhthéacs glacadh Iníon McK san Ospidéal agus gur cirte tuairisc a thabhairt uirthi mar chomhfhaisnéis phearsanta. Tá an argóint déanta ag an iarrthóir gur cheart go mbeifí in ann na hainmneacha a bhánú amach (“blank out”) ionas nach mbeadh an duine aonair inaitheanta níos mó. Agus comhthéacs na faisnéise amhlaidh, measaim go mbeadh na daoine atá i gceist inaitheanta fiú dá mbainfí a n-ainmneacha de chóipeanna na dtaifead. Táim sásta freisin, agus aird ar alt 13(2) d’Acht FOI, agus a gcomhthéacs agus a n-ábhar amhlaidh, dá mbainfí abairtí nó páirteanna d’abairtí faoi thríú páirtithe amach as na taifid, go mbeadh a scaoileadh míthreorach. Déanann alt 13 d’Acht FOI foráil mar seo a leanas:

“ (1) I gcás go ngéillfí d’iarraidh faoi alt 7 murach go mbaineann sí le taifead ar taifead díolmhaithe é mar gheall ar ábhar áirithe a bheith ann, mar aon le hábhar eile, déanfaidh ceann an chomhlachta phoiblí lena mbaineann, más indéanta déanamh amhlaidh, cóip a

ullmhú, i cibé foirm is cuí leis nó léi, den mhéid sin den taifead nach é an t-ábhar áirithe réamhráite é agus géillfear don iarraidh trí rochtain ar an gcóip a thairiscint don iarrthóir. (2) Ní bheidh feidhm ag fo-alt (1) i ndáil le taifead más rud é go mbeadh an chóip, dá ndéanfaí socrú dá chionn sin, míthreorach.”

Tá impleachtaithe ag an iarrthóir in aighneachtaí go dtí m’Oifig go bhfuil sé ábharthach i leith m’athbhreithnithe an bhfuil faisnéis phearsanta sna taifid go bhféadfadh sé go mbeadh aithne aige ar na tríú páirtithe atá i gceist. Maidir leis seo, ba mhaith liom a lua nach bhfuil dada in Acht FOI a chuireann srian leis an bhfeidhm a bhaineann iarrthóirí as faisnéis a scaoiltear chucu faoin Acht FOI. Tá seo os coinne a dtarlaíonn go hiondúil, mar shampla, nuair a éisítear le cásanna faoi chúram leanaí sna cúirteanna. Níl aon srian le scaipeadh an eolais a scaoiltear faoi FOI agus cé go ndealródh sé go mbeadh faisnéis áirithe gan iarmhairt nó ar bheagán íogaireachta, is é faisnéis phearsanta an duine aonair é mar sin féin. Mar sin, go hiondúil, ní bheadh sé ar eolas ach ag an duine aonair nó daoine de theaghlach an duine aonair nó cairde an duine aonair nó i seilbh comhlachta poiblí ar an mbonn tuisceana go ndéileálfaí sé léi i modh tostaobhach.

Chuir an t-iarrthóir an cheist conas a mbeadh coinne leis iarratas a dhéanamh faoi alt 17 d’Acht FOI chun faisnéis i gceann de na taifid a fháil, ina raibh tríú páirtí (“third party”) ainmnithe i gceist, faoi mar a leasaíodh faoi alt 17 d’Acht FOI é. Mhaígh sé go raibh faisnéis áirithe míthreorach agus mícheart. Ina chinneadh i gCás Uimhir 98169 – Ms ABY and the Minister for Education and Science, rinne mo réamhtheachtaí, an tUasal Kevin Murphy, meas faoin gceist seo. Is é an measúnú deiridh a bhí aige, is cuma conas a chuir duine aonair eolas ar an méid atá san fhaisnéis, bheadh an ceart ag comhlacht poiblí iarratas a dhéanamh chun an fhaisnéis seo a leasú faoi alt 17 i gceist fós. Dúirt sé gur chuir an cheist “How am I supposed to challenge something I am not allowed to view?” béim ar an bhfioras go mbíonn taifead ina bhfuil faisnéis phearsanta faoi réir díolúintí agus eisiachtaí. Sa chás seo, glacaim lena chinneadh:

“ The effect of this is that, in certain circumstances, an individual may not be enabled to exercise the right to have personal information amended in accordance with the provisions of section 17 simply because the record containing the information is exempt and, as a consequence, the individual is unable to establish whether the information is incomplete, incorrect or misleading. Section 6 of the Act which confers a right of access on every person to records held by public bodies provides at subsection (7) that -

' (7) Nothing in this section shall be construed as applying the right of access to an exempt record.' ”

Tá an téacs iomlán den chinneadh i gCás imhir 98169 le fáil ar www.oic.gov.ie.

Sa chás atá ann i láthair na huair, is léir go bhfaca an t-iarrthóir an taifead a bhfuil sé i ngleic leis agus go bhfuil sé in ann é a shainaithint chun iarratas a dhéanamh don Ospidéal faoi alt 17 d’Acht FOI. Déanaim an cinneadh nach bhfuil dada in Acht FOI a thugann ceart dó rochtain a bheith aige ar an taifead sin ar mhaithe lena leithéid d’iarratas.

De réir mar atá cinneadh déanta agam thuas, nochtann na taifid uile, de bheag nó de mhór, faisnéis phearsanta Iníon McK. Mar sin de, is é an cás atá ann go mbeidh nochtadh a faisnéise

pearsanta i gceist i scaoileadh aon taifead. Dá réir sin, is é príomhcheist an athbhreithnithe seo ar cheart aon fhaisnéis phearsanta de chuid Iníon McK a scaoileadh don iarrthóir. Ós rud é, ar na fáthanna a luadh níos túsce sa chinneadh seo, gur freagra diúltach atá air seo, níl mé ag treorú go scaoilfear aon cheann de na taifid. Mar sin de, ní gá dom meas a dhéanamh an bhfuil an fhaisnéis phearsanta faoi thríú páirtithe mar a nochtadh sna taifid le scaoileadh ar mhaithe le leas an phobail nó eile faoi na forálacha in alt 28 d’Acht FOI.

Alt 26 – Faisnéis a Fuarthas i Modh Rúin

Ina chuid aighneachtaí, bhraith an tOspidéal freisin ar alt 26 d’Acht FOI in a bheith ag áitiú gur cheart rochtain ar na taifid a dhiúltú. Is é seasamh an Ospidéil gur faisnéis a tugadh i modh rúin í an fhaisnéis i dtaifid leighis Iníon McK. Deir sé go mbainfeadh nochtadh na faisnéise an bonn den phrionsabal a bhaineann le tostaobhacht leighis idir dochtúir is othar agus othar is ospidéal (“would undermine the principle of medical confidentiality which exists between doctor and patient and patient and hospital”).

Cé go ndéanann aighneachtaí an Ospidéil tagairt d’alt 26(1)(a) den Acht, feictear dom féin, i gcúinsí nuair a cruthaíodh na taifid atá i gceist ag foireann an Ospidéil féin, go mbeadh alt 26(1)(b) ní b’oiriúnaí mar dhíolúine le meas agus aird ar alt 26(2). Go hiondúil, bheadh coinne agam go bhféadfaí argóint láidir a dhéanamh faoin seasamh go mbeadh nochtadh faisnéise othair ag Ospidéal ina shárú ar dhualgas muiníne de réir mar a fheictear trí dhíolúine ailt 26(1)(b) é. Mar sin féin, ní léir ar chor ar bith an bhféadfadh nochtadh taifead leighis mionaoisigh do thuismitheoir a leithéid de dhualgas muiníne a shárú. Agus an cinneadh déanta agam go bhfuil na taifid díolmhaithe faoi alt 28, ní mheasaim gur gá iniúchadh a dhéanamh faoi bhaint ailt 26 le hábhar na dtaifead áirithe seo. Chomh maith leis sin, tugaim faoi deara nach dtugann breithiúnas na Cúirte Uachtaraí aghaidh ar an gceist an mbeadh dualgas muiníne ar an Ospidéal d’othar gur mionaoiseach é, i gcúinsí ar bith, ina fhrisnéis ar an toimhde go bhfuil sé chun leas an mhionaoisigh go scaoilfí a t(h)aifid dá t(h)uismitheoir.

Coimriú an chinntí

Is é mo chinneadh go bhfuil na taifid uile atá i gceist díolmhaithe de bhíthin ailt 28(1) d’Acht FOI agus nach gcuirfear an díolúine seo amach ag aon cheann de na heisceachtaí in alt 28.

Cinneadh

Tar éis dom m’athbhreithniú faoi alt 34(2) d’Acht FOI, de réir mar a leasaíodh é, a chríochnú, tá beartaithe agam an cinneadh a measadh a bheith déanta ag an Ospidéal a neamhniú agus cinneadh nua a dhéanamh chun iarratas an iarrthóra rochtain a bheith aige ar na taifid a dhiúltú ar na húdair a luaitear thuas.

Is féidir le páirtí don athbhreithniú, nó duine ar bith eile a n-imíonn cinneadh de chuid an Choimisinéar Faisnéise i bhfeidhm orthu tar éis athbhreithnithe, achomharc a chur go dtí an Ard-Chúirt faoi phointe dlí ag eascairt as an gcinneadh. Ní mór tús a chur lena leithéid d’achomharc nach déanaí ná ocht seachtainí ó dháta an chinntí seo.

EMILY O’REILLY

COIMISINÉIR FAISNÉISE

27 AIBREÁN 2006